Dara Leabhar na
MACABAECH

Litreacha chuig na Giúdaigh san Éigipt

An Chéad Litir

1 Beatha agus síocháin shona ó na bráithre, na Giúdaigh in Iarúsailéim agus i dtír Iúdá
dá mbráithre, na Giúdaigh san Éigipt. [2]Go gcuire Dia ar bhur leas sibh, agus go
gcuimhní sé ar a chonradh le hAbrahám, le hÍosác agus le Iacób, a shearbhóntaí dílse.
[3]Go dtuga sé daoibh go léir croí lena adhradh, agus lena thoil a dhéanamh le barr croí
mhóir, le fonn agus le misneach. [4]Go ndéana sé bhur gcroí a oscailt dá dhlí agus dá
aitheanta agus go dtuga sé daoibh síocháin. [5]Go dtuga sé cluas do bhur n-achainíocha
agus go ndéana sé cairdeas libh, agus ná déanadh sé sibh a thréigean in uain na
hurchóide. [6]Táimidne ag guí ar bhur son anseo anois.

[7]I réimeas Dhéimitrias, sa bhliain céad agus a seasca naoi, scríobharmarna, na
Giúdaigh, chugaibh sa ghéarchéim agus sa chúngracht a rug orainn tar éis do Iásón agus
dá bhuíon an tír bheannaithe agus an ríocht a thréigean, [8]agus an geata a dhó agus fuil
neamhchiontach a dhoirteadh. Ghuíomar an Tiarna agus éisteadh linn, agus d'ofrálamar

íobairt agus abhlann, agus lasamar na lóchrainn, agus leagamar amach na builíní. [9]Anois, más ea, féachaigí chuige go gcoimeádfaidh sibh féile na dTaibearnacal i mí Chisléu, sa bhliain céad ochtó a hocht.

An Dara Litir

[10]Beatha agus sláinte ó mhuintir Iarúsailéim agus Iúdáia, ón seanad agus ó Iúdás go hAiristeabúlas, oide Ptoilimí rí, fear de shliocht na sagart ungtha, agus do na Giúdaigh san Éigipt. [11]De bhrí gur shaor Dia sinn ó dhainséir mhóra, is mór é ár mbuíochas dó ar son ár bpáirt a ghlacadh in aghaidh an rí, [12]óir eisean a dhíbir iad siúd a chuir cath ar an gcathair bheannaithe. [13]Óir nuair a shroich a gceannaire an Pheirs le harm a dhealraigh a bheith dochloíte, gearradh óna chéile iad i dteampall Nanaeá trí ghliceas a d'imir na sagairt a bhí ag freastal ar Nanaeá. [14]Lig Aintíochas air go raibh sé ag déanamh cleamhnais léi agus tháinig sé ansiúd lena chairde d'fhonn formhór na seod a bhreith leis mar spré. [15]Leag sagairt Nanaeá na seoda amach ar taispeáint agus chuaigh seisean isteach laistigh de bhalla an tearmainn naofa. A luaithe a tháinig Aintíochas isteach ar bheagán slua, dhún siad an teampall, [16]d'oscail an doras folaigh sa tsíleáil, agus chaith anuas clocha ina mbarthanach agus threascair an ceannaire agus a chuid fear, ghearr ina spólaí iad, bhain na cinn díobh, agus chaith amach go dtí an mhuintir amuigh iad. [17]Gura beannaithe i ngach slí ár nDia a thug breith ar lucht na haindiagachta.

Míorúilt na Tine

[18]Táimid ar tí íonghlanadh an Teampaill a chomóradh ar an gcúigiú lá fichead de Chisléu agus shíleamar nár mhór sin a chur in iúl daoibhse i dtreo go ndéanfadh sibhse freisin féile na dTaibearnacal a cheiliúradh, agus féile na Tine a deonaíodh nuair a bhí an Teampall tógtha ag Nihimiá agus gur ofráil sé íobairtí. [19]Óir nuair a bhí ár sinsir á seoladh ina mbránna chun na Peirse, thóg sagairt dhiagaithe na linne cuid de thine na haltóra, agus chuir i bhfolach í i gcuasán umair thirim, agus cheil siad í chomh cairéiseach sin nárbh eol an áit d'aon duine. [20]Tar éis roinnt mhaith blianta, nuair ba thoil le Dia é, chuir Nihimiá, le húdarás rí na Peirse, sliocht na sagart a cheil í ar a lorg. Nuair a thug siadsan scéala chugainn nach tine a fuair siad ach lacht ramhar, d'ordaigh [Nihimiá] dóibh cuid den lacht a shúrac amach agus a bhreith leo. [21]Nuair a bhí ábhar na n-íobairtí curtha amach, d'ordaigh Nihimiá do na sagairt an lacht a chroitheadh ar an adhmad a bhí leagtha air. [22]Rinneadh amhlaidh agus ansin tar éis tamaill dhealraigh an ghrian cé go raibh sí faoi scamall roimhe sin, agus bhladhm lasair mhór, rud a chuir ardionadh ar chách. [23]Fad a bhí an íobairt á dó, bhí na sagairt agus an mhuintir go léir a bhí i dteannta na sagart ag guí, Iónátán ag cur ceann ar an urnaí agus an chuid eile ag freagairt mar aon le Nihimiá. [24]Mar seo a ghabh an urnaí: "A Thiarna, a Thiarna Dia, a chruthaitheoir an uile ní; is uaimhneach agus is tréan, is cóir agus is trócaireach thú; is tú amháin is rí, agus is cúntóir; [25]is tú amháin is fial, is tú amháin is cóir agus is uilechumhachtach síoraí; is tú a fhuasclaíonn Iosrael ó gach olc; is tú a thogh na sinsir agus a choisric iad. [26]Glac leis an íobairt seo thar ceann do phobail Iosrael go léir; cumhdaigh d'oidhreacht agus

naomhaigh í. [27]Bailigh le chéile ár bpobal scaipthe; fuascail a bhfuil i ndaoirse i measc na ngintlithe; dearc le fabhar ar a bhfuil faoi aithis agus faoi dhímheas; bíodh a fhios ag na gintlithe gur tú is Dia againn. [28]Smachtaigh lucht an leatroim agus lucht an éirí in airde agus an uabhair. [29]Préamhaigh do phobal go daingean i d'áit naofa mar a gheall Maois."

[30]Ansin chan na sagairt na hiomainn. [31]Nuair a bhí ábhar na n-íobairtí go léir ídithe, d'ordaigh Nihimiá an lacht a bhí fágtha a dhoirteadh ar chlocha móra. [32]Nuair a rinneadh amhlaidh, las bladhm thine, agus slogadh í sa lasair ón altóir ag taitneamh os a comhair. [33]Nuair a leath an scéal, agus gur insíodh do rí na bPeirseach gur thaibhsigh an lacht, lenar loisc Nihimiá agus a lucht leanúna ábhar na híobartha, sa bhall inar chuir na sagairt a díbríodh an tine i bhfolach, [34]rinne an rí an scéal a fhiosrú agus chuir fál timpeall ar an áit agus d'fhógair naofa é. [35]An mhuintir ar a raibh a ghnaoi, rinne an rí bronntanais a mhalartú leo. [36]Thug Nihimiá agus a mhuintir *naftar*, íonghlanadh ís é sin, air siúd, ach *neftai* a thugann daoine air de ghnáth.

An Bhoth, an Áirc, an Altóir i bhFolach

2 Tá sé le fáil sna cáipéisí gur ordaigh Irimia don mhuintir a bhí á ndíbirt cuid den tine a bhreith leo mar atá ráite, [2]agus tar éis dó an dlí a thabhairt dóibh, gur ordaigh seisean, an fáidh, dóibh gan dearmad a dhéanamh ar aitheanta an Tiarna agus gan dul ar seachrán aigne nuair a d'fheicfidís na dealbha óir agus airgid agus a maise. [3]Thug sé gríosadh dóibh gan an dlí a lígean ar fán óna gcroí agus treoracha eile nach é. [4]Tá sé ar phár chomh maith go bhfuair an fáidh rabhadh ó oracal agus gur thug sé ordú an bhoth agus

an áirc a sheoladh leis agus go ndeachaigh sé suas ar an gcnoc mar a ndeachaigh Maois agus go bhfaca sé oidhreacht Dé. [5]Nuair a tháinig sé ansiúd fuair sé pluais chónaithe ann, agus thug sé isteach inti an bhoth, an áirc, agus altóir na túise agus ansin dhún sé an béal go daingean. [6]Tháinig cuid dá lucht leanúna aníos chun an tslí a mharcáil, ach chuaigh díobh í a fháil. [7]Nuair a chuala Irimia ina thaobhsan, rinne sé ceartú orthu agus dúirt: “Ní bheidh fios na háite ag an duine nó go mbaileoidh Dia a phobal le chéile arís agus a thrócaire a thaispeáint [dóibh]. [8]Ansin déanfaidh an Tiarna na nithe sin go léir a fhoilsiú agus feicfear glóir an Tiarna agus an néal faoi mar a thaibhsigh le linn Mhaois, agus nuair a ghuigh Solamh go ndéanfaí an áit a naomhú go héachtach.”

[9]Cuireadh in iúl freisin gur ofráil Solamh le barr gaoise íobairt choisricthe agus chríochnaithe an Teampaill. [10]Faoi mar a ghuigh Maois chun Dé agus gur tháinig tine anuas ó neamh, agus gur dhóigh sí na híobairtí, ghuigh Solamh sa tslí chéanna agus tháinig tine anuas agus loisc sí na híobairtí dóite ar fad. [11]Dúirt Maois: “De bhrí nár itheadh an íobairt pheaca is ea rinneadh í a ídiú.” [12]Cheiliúir Solamh an fhéile ar an tslí chéanna ar feadh ocht lá.

Leabharlann Nihimiá: Cuireadh

[13]Cuireadh na nithe céanna ar phár sna hannála agus i gcuimhní cinn Nihimiá, agus gur bhunaigh sé leabharlann, agus go ndearna sé bailiúchán de na leabhair faoi na ríthe agus na fáithe, de scríbhinní Dháiví agus de litreacha na ríthe faoi ofrálacha móideacha. [14]Rinne Iúdás ar an gcuma chéanna bailiúchán de na leabhair a bhí scaipthe de bharr an

chogaidh dhéanaigh a tháinig orainn, agus tá siad anois inár seilbh. [15]Má tá aon chuid díobh de dhíth oraibh, cuirigí daoine chugainn le cóipeanna díobh a fháil daoibh.

[16]Táimid ag scríobh chugaibh dá bhrí sin agus sinn ar tí féile an íonghlanta a chomóradh; déanaigí, le bhur dtoil, na laethanta sin a chomóradh. [17]Is é Dia a d'fhuascail a phobal go léir agus a thug ar ais do chách an oidhreacht agus an flaitheas, agus an tsagartacht, agus an naofacht, [18]faoi mar a gheall sé tríd an dlí. Óir tá sé de mhuinín againn i nDia go ndéanfaidh sé trócaire orainn gan mhoill, agus go gcruinneoidh sé sinn ó gach áit faoin spéir isteach san áit naofa, mar d'fhuascail sé sinn as ainnisí móra agus d'íonghlan sé an Teampall.

Réamhrá an Tiomsaitheora

[19]Scéal Iúdáis Mhacabaeigh agus a dheartháireacha, íonghlanadh an Teampaill mhóir, coisreacan na haltóra, [20]na cogaí in aghaidh Aintíochas Eipifeanaes agus a mhic Eopatór, [21]na taispeántais a tugadh ó neamh le misneach a thabhairt don mhuintir a bhí ag troid go cróga ar son an Ghiúdachais i dtreo, dá laghad é a líon, gur ghabh siad an tír ar fad agus gur chuir siad an teitheadh ar shluaite na ngintlithe, [22]gur ghnóthaigh siad ar ais an Teampall atá faoi chlú ar fud an domhain, gur shaor siad an chathair, gur athnuaigh siad na dlíthe a bhí ar tí a gcur ar ceal, agus an Tiarna go fabhrach dóibh le barr cneastachta – [23]déanfaimid iarracht ar an méid sin go léir a insint go hachomair in aon leabhar amháin cé go bhfuil sé inste i gcúig leabhar ag Iásón ó Chiréiné. [24]Toisc an raidhse figiúirí agus an deacracht a bhaineann leis don mhuintir ar mian leo dul i ngleic le cáipéisí staire de

bharr iomadúlacht an ábhair, [25]bhí sé d'aidhm againn taitneamh a thabhairt don mhuintir nach bhfuil uathu ach ábhar léitheoireachta, áis a dhéanamh don dream ar mian leo nithe a chur de ghlanmheabhair, agus comaoin a chur ar ár lucht léite go léir. [26]Níorbh aon obair gan dua ach saothar allais agus beagshuain dúinne an coimriú seo a ghabhamar orainn féin, [27]faoi mar nach aon dóichín é do dhuine fleá a ullmhú agus freastal ar mhianta gach duine. D'fhonn buíochas mórán a thuilleamh, áfach, táimid sásta an saothar guaisiúil seo a ghabháil orainn féin; [28]fágaimid cruinneas na mionseoraí faoin staraí, agus déanfaimid ár ndícheall na himlínte a dhearadh san achoimre seo. [29]Bíonn ailtire tí nua freagrach san fhoirgneamh ina iomláine, ach an té a bhíonn i bhfeighil a phéinteála agus a mhaisithe, ní gá dó ach cúram a dhéanamh de cad a d'oirfeadh dá mhaisiú; is é an dála céanna againne é i mo thuairimse. [30]Is é gnó an staraí bhunaidh an t-ábhar go léir a thógáil idir lámha, nithe a iniúchadh ó gach taobh, agus cúram a dhéanamh de na mionsonraí. [31]Ach an té a dhéanann athchóiriú ar an scéal ní miste dó féachaint le bheith achomair ina insint agus tráchtaireacht chaolchúiseach a sheachaint. [32]Cuirimis tús lenár n-insint anois dá bhrí sin, gan breis a chur lena bhfuil ráite, mar is baoth an gnó é fad a chur le réamhrá na staire, agus an stair féin a ghiorrú.

Héiliodóras

3 Bhí an chathair naofa á háitreabh i síocháin choiteann, agus bhí na dlíthe á gcomhlíonadh chomh foirfe agus ab fhéidir de bharr chráifeacht an ardsagairt Oinias agus a fhuath don choirpeacht; [2]agus is amhlaidh a bhí na ríthe féin ag tabhairt urraime

don áit naofa agus ag cur le glóir an Teampaill le togha na dtabhartas. [3]Rinne fiú Seiliúcas rí na hÁise na costais a bhain le seirbhís na n-íobairtí a íoc as a theacht isteach féin. [4]Ach Síomón áirithe de threibh Bhiniáimin, a bhí ceaptha ina reachtaire ar an Teampall, d'éirigh idir é agus an t-ardsagart faoi reachtáil mhargadh na cathrach. [5]Nuair a theip air Oinias a shárú, d'imigh leis go Apollóinias mhic Thairséas a bhí faoin am sin ina cheannasaí ar Choíle Síre agus ar Fhéinícia, [6]agus thug mar scéala dó go raibh an ciste in Iarúsailéim ag cur thar maoil le hairgead, go raibh an oiread sin síntiús á dtabhairt nach raibh áireamh ar an iomlán, agus nár bhain sé le cuntas na n-íobairtí ach gurbh fhéidir é a theacht faoi smacht an rí. [7]Bhuail Apollóinias leis an rí agus d'inis sé dó faoin airgead a raibh cloiste aige faoi. Thogh an rí Héiliodóras, a sheansailéir, agus sheol é le treoracha leis an airgead a luamar a bhreith chun siúil. [8]Chuir Héiliodóras chun bealaigh gan mhoill le fiosrú a dhéanamh, mar dhea, ar chathracha Choíle Síre agus Féinícia, ach dáiríre d'fhonn cuspóir an rí a chur i gcrích.

[9]Tar éis dó Iarúsailéim a bhaint amach agus fáilte fhial a fháil ón ardsagart [agus ón] gcathair, d'inis sé cén scéala a fuarthas agus nocht dá réir sin cad a thug ann é agus d'fhiafraigh an mar sin a bhí dáiríre. [10]Mhínigh an t-ardsagart go raibh ciste áirithe curtha i leataobh do bhaintreacha agus do dhílleachtaí, [11]agus airgead chomh maith a bhain le Hiorcánas mac Thóibias, fear a bhí in ardghradam, ach nach raibh ann in iomláine ach ceithre chéad tallann airgid agus dhá chéad tallann óir murab ionann agus a ndúirt Síomón coirpeach go bréagach. [12]Dúirt sé freisin go raibh sé as an áireamh éagóir a dhéanamh orthu siúd a chuir a muinín i naofacht na háite agus i mbeannaitheacht agus i dtearmann an Teampaill atá faoi urraim ar fud an domhain mhóir.

[13]Ach dúirt Héiliodóras nár mhór, cibé scéal é, an t-airgead sin a ghabháil do chiste an
rí de bharr na dtreoracha a bhí aige ón rí. [14]Shocraigh sé lá don ghnó dá bhrí sin agus
chuaigh isteach le maoirseacht a dhéanamh ar an maoin á hiniúchadh. Bhí corrabhuais ar
an gcathair go léir. [15]Chaith na sagairt iad féin ar a mbéal agus ar a bhfiacla os comhair na
haltóra agus a n-éidí sagairt orthu, agus ghlaodar chun neimhe ar údar an dlí faoi na
taiscí, á impí air iad a choimeád slán do lucht a dtaiscthe. [16]Ba ghoin go croí féachaint ar
an ardsagart, agus a bhuairt aigne á nochtadh san athrú ina dhreach agus ina chuntanós.
[17]Ghabh eagla agus ballchrith chomh mór sin an fear go mba léir don mhuintir a chonaic é
cad é buaireamh a luigh ar a chroí. [18]Rinne na daoine ruathar as a dtithe ina sluaite agus é
ar aigne acu impí choiteann a dhéanamh mar go raibh masla á bhagairt ar an áit naofa.
[19]Bhí mná ag brúchtaíl ar fud na sráideanna agus éadach róin faoina gcíocha orthu. An
méid de na maighdeana a bhí á gcoimeád istigh, ritheadar le chéile, cuid acu chun na
ndoirse, cuid eile acu chun ballaí na cathrach, agus bhí a thuilleadh acu ag gliúcaíl trí na
fuinneoga; [20]bhí a lámha sínte i dtreo na bhflaitheas acu go léir agus iad ag impí. [21]Ba
thruamhéileach an rud é an pobal go léir a fheiceáil á gcaitheamh féin ar an talamh agus
an buaireamh a bhí ar an ardsagart le teann imní. [22]Fad a bhíodar ag glaoch ar an Tiarna
uilechumhachtach na taiscí a chumhdach le barr sábháilteachta do lucht a dtaiscthe,
[23]chuaigh Héiliodóras i mbun an ghnó a bhí ceaptha.

Pionós agus Aithrí Héiliodóras

[24]Nuair a shroich sé an ciste lena gharda cosanta, rinne Tiarna na spiorad agus na
cumhachta a leithéid de thaispeántas gur chuir cumhacht Dé scéin ar an muintir go léir a

raibh sé de dhánaíocht acu dul leis, agus gur tháinig scanradh agus uafás orthu.
[25]Dhealraigh dóibh each a bhí gafa go taibhseach, agus marcach scanrúil cló, ar a mhuin;
thug sé ruathar buile faoi Héiliodóras agus bhuail é lena chrúba tosaigh. Bhí, de réir
dealraimh, éide agus airm óir ag an marcach. [26]Thaibhsigh beirt óglach eile dó freisin, fir
le neart éachtach agus le maise ghlórmhar snó agus éide, agus sheas siad ar gach taobh
de agus bhí á lascadh gan staonadh, ag bualadh buille ar bhuille air. [27]Thit sé ar an talamh
go tobann agus tháinig néal dorcha air; ansin d'ardaigh a chuid fear é agus chuir ar
eileatram é, [28]agus rug leo é – an fear céanna seo a ghabh isteach sa chiste, a luamar, lena
lucht coimhdeachta líonmhar agus lena gharda cosanta go léir, ach nárbh fhéidir dó
cabhrú leis féin anois; d'admhaigh siad go hoscailte cumhacht mhullaigh Dé. [29]Bhí
Héiliodóras ar lár gan urlabhra gan aon súil lena théarnamh de bharr lámh Dé a luí air,
[30]agus na Giúdaigh ag moladh an Tiarna a thug glóir go míorúilteach dá áit naofa féin.
An Teampall a bhí ó chianaibhín lán de scanradh agus de bhuaireamh, bhí sé anois ar
sceith le háthas agus le lúcháir mar gur thaibhsigh an Tiarna uilechumhachtach.
[31]D'impigh cuid de chompánaigh Héiliodóras gan mhoill ar Oinias glaoch ar an Té is
Airde agus fad saoil a thabhairt don duine úd agus é ar an dé deiridh. [32]Bhí eagla ar an
ardsagart go mbeadh an rí in amhras go raibh feall éigin déanta ag na Giúdaigh ar
Héiliodóras agus d'ofráil sé íobairt ar mhaithe lena shláinte. [33]Nuair a bhí an t-ardsagart
ag comhlíonadh ghnás an leorghnímh, thaibhsigh na fir chéanna arís do Héiliodóras, an
éide chéanna orthu, agus iad ina seasamh taobh leis. Dúirt siad: "Bíodh an-bhuíochas
agat don ardsagart Oinias mar is ar a shonsan a bhronn an Tiarna fad saoil ort. [34]Agus ós

rud é gur sciúrsáladh ó neamh thú, fógair don saol mór cumhacht ghlórmhar Dé.” Nuair a bhí an méid sin ráite acu d’imíodar as radharc.

[35]D’ofráil Héiliodóras íobairt don Tiarna ansin, rinne móideanna móra do chaomhnóir a anama, d’fhág slán ag Oinias, agus chuir chun bealaigh ar ais go dtí an rí lena armáil. [36]Thug sé fianaise os ard do chách ar ghníomhartha Dé mhóir a chonaic sé lena shúile cinn. [37]Nuair a d’fhiafraigh an rí de Héiliodóras cén sort duine a d’oirfeadh a chur go Iarúsailéim turas eile, d’fhreagair sé: [38]“Má tá namhaid agat, nó duine atá ag déanamh ceilge in aghaidh do rialtais, cuir ann é; agus fillfidh sé ar ais ort, agus sciúrsáil chruthaithe faighte aige, má thugann sé na cosa leis ar aon chor, mar is cinnte go bhfuil cumhacht éigin ó Dhia timpeall na háite sin. [39]An té a bhfuil a áitreabh sna flaithis, is cinnte go bhfuil súil aige ar an áit sin agus tagann sé i gcabhair air, agus leagann ar lár agus scriosann an mhuintir a thagann le hurchóid a dhéanamh dó.” [40]Ba é sin críoch eachtra Héiliodóras agus cosaint an chiste.

Coireanna Shíomóin

4 Síomón, an té a luamar cheana a sceith ar an gciste [agus ar] a mhuintir féin, rinne sé tromaíocht ar Oinias á rá gurbh eisean a rinne Héiliodóras a ghriogadh agus gurbh é faoi deara na tubaistí iontacha. [2]Bhí sé de dhánaíocht i Síomón anois an fear seo a chuir an oiread sin comaoin ar an gcathair, a chosain a mhuintir féin, a bhí díograiseach ar son an dlí, a ainmniú mar namhaid don mhaith choiteann. [3]Mhéadaigh ar an naimhdeas seo chomh mór sin go raibh fiú dúnmharaithe á ndéanamh ag duine de ghníomhairí Shíomóin.

[4]Thuig Oinias a mhailísí a bhí an t-aighneas seo agus go raibh Apollóinias mac Mhineastaes, ceannasaí Choíle Síre agus na Féinícia, ag cur le hurchóid Shíomóin. [5]D'imigh sé leis ar thuairisc an rí dá bhrí sin, ach ní d'fhonn a mhuintir féin a ghearán ach ar mhaithe leis an bpobal ar fad go poiblí agus go príobháideach. [6]Mar tuigeadh dó, gan an rí a chur ladair sa ghnó, nárbh fhéidir nithe a riar go síochánta go deo agus nach scoirfeadh Síomón dá bhaois.

Iásón ag Heilléanú a Mhuintire

[7]Tar éis bháis do Sheiliúcas agus Aintíochas ar a dtugtaí Eipifeanaes a theacht i gcomharbacht air sa ríocht, fuair Iásón, deartháir Oinias, an ardsagartacht trí chaimiléireacht; [8]chuaigh sé i láthair an rí agus gheall sé trí chéad agus a seasca tallann airgid dó agus ochtó tallann as foinse éigin eile ioncaim. [9]Gheall sé ina theanntasan go ndíolfadh sé céad go leith eile dá gceadófaí dó feidhm a bhaint as a údarás le giomnáisiam agus gasra ógra a bhunú, agus fir Iarúsailéim a chlárú mar Aintíochaigh. [10]Nuair a d'aontaigh an rí agus gur tháinig [Iásón] i gcumhacht, chrom sé ar a chomhthírigh a thabhairt isteach ar an modh beatha Heilléanach. [11]Chuir sé ar ceal na lámháltais a bhí ag na Giúdaigh ag an am ón rí, lámhaltais a deonaíodh trí Eoin mac Eopolamos, fear a chuaigh ar thoscaireacht le cairdeas agus conradh a dhéanamh leis na Rómhánaigh; scrios sé an bhéascna dhleathach agus thug sé isteach nósanna nua a bhí bunoscionn leis an dlí. [12]Ní raibh aon mhoill air fiú giomnáisiam a thógáil faoi bhun an Dúnfoirt agus an hata leathan a chur á chaitheamh ag togha na n-ógánach. [13]Níorbh aon ardsagart é Iásón ach

coirpeach, agus ní raibh aon teorainn lena ropaireacht, i dtreo go ndeachaigh an heilléanú agus an aithris ar bhéasa iasachta chomh fada sin, [14]nach raibh spéis a thuilleadh ag na sagairt i seirbhísí na haltóra. Le beagmheas ar an sanctóir, thug siad cúl leis na híobairtí le fonn a bheith páirteach sna cleachtaí mídhleathacha ar fhaiche na hiomrascála a luaithe is a ghlaoití chun an dioscais. [15]Ba bheag é a meas ar na gradaim ar a raibh urraim ag a sinsir, ach bhí ardmheas acu ar chéimeanna onóra na Heilléanach. [16]Ach thug sé sin go léir an tubaiste sa mhullach orthu, agus an dream a raibh an oiread sin meas acu ar a mbéasa is ar a saol, agus gurbh fhonn leo aithris a dhéanamh orthu i ngach slí, is iad a bhí acu mar naimhde agus mar ghéarleantóirí. [17]Óir ní aon dóichín é na dlíthe diaga a mhaslú, rud a nochtfaidh an ré atá romhainn.

[18]Le linn na gcluichí cúig bliana sa Tuír, agus an rí i láthair, [19]chuir Iásón suarach saoránaigh Aintíochaigh thofa mar thoscairí oifigiúla ó Iarúsailéim, le trí chéad drachma airgid don íobairt do Earcail. Ach an mhuintir a bhí ag iompar an airgid, shíl siad nár chóir é a chaitheamh ar an íobairt, rud nár chuí, ach é a chaitheamh ar ghnó éigin eile. [20]An t-airgead seo dá bhrí sin a bhí ar aigne ag an té a sheol é a chaitheamh leis an íobairt d’Earcail, cuireadh ansin le tógail tríréimí é mar a bheartaigh an mhuintir a rinne é a iompar.

[21]Nuair a cuireadh Apollóinias mac Mhineastaes go dtí an Éigipt le bheith i láthair ag corónú an rí Fiolomaetór, fuair Aintíochas amach go raibh [Fiolomaetór] éirithe naimhdeach lena cheannas agus chrom sé ar a bheith ag déanamh cúraim dá shlándáil féin. Ar shroicheadh Iopa dó, dá bhrí sin, ghabh sé ar aghaidh go Iarúsailéim. [22]Chuir

Iásón agus an chathair fáilte spleodrach roimhe agus glacadh leis le solas lóchrann agus gártha daoine. Ansin ghluais sé ón áit sin isteach i bhFéinícia.

Meanalás ina Ardsagart

[23]Tar éis trí bliana chuir Iásón uaidh Meanalás, deartháir do Shíomón a luamar, chun an t-airgead a thabhairt don rí agus a shocruithe faoina lán nithe tábhachtacha a ráthú. [24]Ach nuair a tugadh eisean i láthair an rí rinne sé é féin a iompar chomh bladarach móréiseach cumhacht sin, gur bhain sé amach an ardsagartacht dó féin, agus trí chéad tallann airgid de bhreis á ofráil aige thar mar a bhí ag Iásón. [25]D'fhill seisean agus údarás an rí aige, ach gan aon cháilíocht le haghaidh na hardsagartachta aige, ach drochmhianach tíoránaigh chruálaigh agus cuthach ainmhí allta. [26]Iásón, fear a chantáil ar a dheartháir, chantáil fear eile anois air féin, agus tiomáineadh mar dhíbeartach é isteach i gcríocha Amón. [27]Maidir le Meanalás, d'fhan sé san oifig, ach níor dhíol sé aon chuid den airgead a gealladh don rí go rialta, [28]cé go mbíodh Sóstrátas, ceann feadhna an Dúnfoirt, arbh é a chúram na dleachta a bhailiú, ag éileamh díolacháin. Glaodh orthu araon dá bharrsan i láthair an rí. [29]D'fhág Meanalás a dheartháir féin Lisimeachas ina dhiaidh mar leas-ardsagart, agus d'fhág Sóstrátas Crátaes ceannaire na gCipireach ina áit sin.

Marú Oinias

[30]Fad a bhí na nithe sin go léir ar siúl, rinne muintir Thairsís agus Mhallas ceannairc mar gur tugadh a gcathracha mar bhronntanas do Aintíochais bean luí an rí. [31]D'imigh an

rí leis faoi dheifir chun an scéal a leigheas, agus d’fhág sé Andronacas, fear ardghradaim, le bheith mar fhear ionaid aige. [32]Thapaigh Meanalás ar a dheis, mar a shíl sé, agus ghoid sé cuid d’árais óir an Teampaill agus bhronn sé ar Andronacas iad; agus dhíol sé a thuilleadh leis an Tuír agus leis na cathracha máguaird. [33]Nuair a fuair Oinias fianaise chinnte ar an méid sin, chuaigh sé i leataobh go tearmann láimh le Dafnae i gcóngar Aintíoch agus ansin d’fhógair sé an scéal don saol mór. [34]Ghlaoigh Meanalás i leataobh ar Andronacas dá bhrí sin agus ghriog é chun Oinias a chur chun báis. Chuaigh [Andronacas] go hOinias, agus le barr fill thug briathra móide agus a lámh dheas mar ghealltanas dó agus d’áitigh air teacht as a thearmann d’ainneoin a amhrais; ansin chuir sé chun báis ar an toirt é, gan aird ar an gcóir. [35]Dá bharrsan bhí uafás agus míshásamh ní amháin ar na Giúdaigh ach ar a lán de na náisiún eile chomh maith de bharr bású éagórach an duine seo. [36]Nuair a d’fhill an rí ó chríocha na Siléise rinne na Giúdaigh sa chathair, agus na Gréagaigh ar chomghráin leo an choir, achainí air faoi mharú gan chiall Oinias. [37]Bhí buaireamh croí ar Aintíochas agus é lán de thrua agus ghoil sé de bharr mheasarthacht agus dhea-iompar an mhairbh. [38]Tháinig cuthach feirge air, bhain an fhallaing chorcra d’Andronacas, srac de a éide, agus sheol ar fud na cathrach go léir é chun na háite céanna díreach inar leag sé lámh dhearg aindiagaithe ar Oinias agus mharaigh sé an dúnmharathóir ansiúd. Ar an gcuma sin chúitigh an Tiarna é leis an bpionós a bhí tuillte aige.

Básaítear Lisimeachas i gCeannairc
Scaoiltear le Meanalás

[39]Bhí a lán coireanna diamhaslacha déanta sa chathair ag Lisimeachas le cúlchead Mheanalás, agus nuair a leath faisnéis fúthu i measc na ndaoine, d'éirigh an pobal amach in aghaidh Lisimeachas, mar bhí mórán de na hárais óir goidte cheana féin aige. [40]Bhí an slua ag bagairt agus ag borradh le fearg agus chuir Lisimeachas airm i lámha timpeall trí mhíle fear agus rinne ionsaí éagórach faoi cheannas Auranas áirithe, fear a bhí anonn sa bhaois faoi mar a bhí san aois. [41]Nuair a thug [na Giúdaigh] ionsaí Lisimeachas faoi deara, rug cuid acu ar chlocha, a thuilleadh ar bhloic adhmaid, a thuilleadh ar luaithreach a bhí timpeall agus chaith na nithe sin go léir le Lisimeachas agus a chuid fear ina rúille búille. [42]B'í críoch a bhí leis sin ná gur ghoineadar a lán acu, gur mharaíodar a thuilleadh, agus gur chuireadar an teitheadh orthu go léir, agus gur mharaíodar creachaire an Teampaill féin lámh leis an gciste.

[43]Cuireadh an dlí ar Mheanalás i dtaobh na heachtra seo. [44]Nuair a tháinig an rí chun na Tuíre, chuir triúr, a sheol an seanad, an cás in iúl ina láthair. [45]Bhí a chás caillte geall leis ag Meanalás cheana féin, ach gheall sé breab mhór do Ptoilimí mac Dhoiriminéas, leis an rí a mhealladh ar a thaobh. [46]Thug Ptoilimí an rí i leataobh faoi cholúnra, ag lorg aeir, mar dhea, agus d'áitigh air a aigne a athrú. [47]Meanalás, cúis an oilc seo go léir, lig sé saor é ó na cúiseanna a bhí á gcur ina leith; ach na hainniseoirí mí-ámharacha a scaoilfí saor gan daoradh fiú dá mba i láthair na Scíotach a bheadh a gcúis á plé, dhaor sé chun báis iad. [48]Ba ghearr an mhoill a bhí ann ag cur an phionóis éagóraigh sin i bhfeidhm ar an

muintir a chosain cúis na cathrach, na tuaithe, agus na soithí naofa. [49]D’adhain an choir a leithéid sin de ghráin i gcroí na dTuíreach gur chaith siad go fial lena dtórramh. [50]Ach de bharr saint an lucht údaráis d’fhan Meanalás i gceannas, ag dul chun cinn i gcoirpeacht agus é bunaithe mar phríomhchealgaire in aghaidh a chomhshaoránach.

Meanalás agus lásón

5 Rinne Aintíochas an dara ionradh ar an Éigipt timpeall an ama seo. [2]Ar feadh nach mór daichead lá tharla go raibh marcaigh in éidí óir le feiceáil ar cosa in airde tríd an spéir, díormaí lánarmtha le sleánna agus claimhte ar tarraingt, [3]buíonta marcach in eagar, ionsaithe agus frithionsaithe mar seo agus mar siúd, sciatha á dtógáil, sleánna ina gcipí, gathanna á scaoileadh, agus glioscarnach ó fhallaingí óir agus ó éidí de gach sórt. [4]Bhí gach duine ag guí, dá réir sin, gur rud éigin fónta a bheadh á thuar ag an taispeántas.

[5]Nuair a leath ráfla bréagach go raibh Aintíochas marbh, thug Iásón leis míle fear nó breis agus thug sé ionsaí faoin gcathair go tobann. Nuair a tiomáineadh siar na saighdiúirí ó na ballaí agus gur gabhadh an chathair, geall leis, theith Meanalás chun an Dúnfoirt ar lorg dídine. [6]Ach lean Iásón air ag déanamh áir agus eirligh ar a chomhshaoránaigh, gan a thuiscint gur barr mí-áidh é bua a bhreith ar do mhuintir féin, ach á cheapadh go raibh sé ag cur suas trofaethe bua ar naimhde in áit bua ar a mhuintir féin. [7]Níor tháinig sé i gcumhacht, áfach, agus ní raibh ar deireadh aige ach aithis de bharr a cheilge, agus theith sé arís go críocha na nAmónach. [8]Bhuail tubaiste é ar deireadh a chúrsa urchóide; cúisíodh os comhair Aratas, rialtóir na nArabach, é; theith sé ó chathair go cathair, agus

cách ar a thóir; bhí an ghráin air mar cheannairceach in aghaidh na ndlíthe, agus an dearg-ghráin air mar fhear fionaíola ar a thír dhúchais agus ar a mhuintir féin; caitheadh i dtír san Éigipt é. [9]An té úd a thiomáin a lán chun deoraíochta óna dtír féin, fuair sé bás ar deoraíocht tar éis dó cur chun bealaigh chun na Lacadaemónach ag súil le dídean a fháil de bharr a ghaoil leo. [10]An té úd a chaith a lán corp amach le fágáil gan cur, fágadh é gan fear a chaointe, gan gnása adhlactha, gan áit i dtuama a shinsear.

Creachann Aintíochas an Teampall

[11]Nuair a fuair an rí scéala faoinar tharla, thuig sé as go raibh ceannairc déanta ag Iúdáia. Tháinig fraoch feirge ar a chroí agus chuir sé chun bealaigh ón Éigipt agus ghabh sé an chathair de ruathar. [12]Ansin d'ordaigh sé dá shaighdiúirí gach duine dá mbuailfeadh leo a threascairt gan taise gan trócaire, agus ár a dhéanamh ar gach duine a theithfeadh abhaile. [13]Imríodh lámh dhearg ar óg agus ar aosta, rinneadh eirleach ar mhná agus ar leanaí, agus ár ar mhaighdeana agus ar naíonáin. [14]In imeacht trí lánlá scriosadh ochtó míle duine – básaíodh daichead míle i ngráscar lámh, agus díoladh mar dhaoir líon nár lú ná ar básaíodh.

[15]Níor leor le hAintíochas an méid sin gan a bheith de dhánaíocht ann dul isteach sa Teampall is naofa ar domhan, faoi stiúir Mheanalás a raibh idir dhlíthe agus thír dhúchais braite aige. [16]Thóg sé leis na soithí naofa ina lámha coirpe; sciob sé chun siúil lena lámha míghlana na hofrálacha móide a rinne ríthe eile le honóir agus glóir a thabhairt don áit. [17]Bhí an oiread sin éirí in airde ar Aintíochas nár thug sé faoi deara gur fearg aonuaire a

bhí ar an Tiarna le lucht na cathrach, agus nár thug sé aird dá bharrsan ar an áit naofa.
[18]Ach dá mbeadh sé i gceist nach raibh siad i ngreim ag mórán peacaí, dhéanfaí an fear
seo a sciúrsáil agus a iompú ar ais óna ghníomh baoth, dála Héiliodóras a sheol Seiliúcas
rí leis an gciste a spiúnadh. [19]Ach níor thogh an Tiarna an pobal ar son na háite naofa ach
an áit naofa ar son an phobail. [20]Uime sin bhí an áit féin páirteach sna tubaistí a bhain don
phobal, agus bhí sé páirteach ina dhiaidh sin ina gconách; tréigeadh é le linn fhearg an
Uilechumhachtaigh, ach athshuíodh in iomláine a ghlóire é nuair a rinneadh síocháin arís
leis an ArdFhlaith.

Gobharnóirí Diana

[21]Rug Aintíochas ocht gcéad déag tallann leis ón Teampall agus bhrostaigh leis go dtí
Aintíoch; bhí an oiread sin éirí in airde air gur shíl sé go bhféadfadh sé seoladh ar talamh
agus siúl ar muir bhí sé chomh huaillmhianach sin. [22]D'fhág sé gobharnóirí leis an bpobal
a chiapadh – Pilib in Iarúsailéim; Frigeach eisean ó dhúchas, ach duine ba bharbara meon
fiú ná an té a cheap é; [23]Andronacas i nGirizím; agus seachas iad san, Meanalás a bhí ag
tiarnú ar a chomhshaoránaigh níos mó ná an chuid eile. De bharr a naimhdis leis na
saoránaigh Ghiúdacha, [24]chuir Aintíochas Apollóinias, ceannasaí na Miseach, le harm dhá
mhíle fichead fear agus d'ordaigh dó na haosánaigh go léir a mharú agus na mná agus na
leanaí go léir a dhíol mar dhaoir. [25]Nuair a shroich an fear seo Iarúsailéim, lig sé air gurbh
fhear síochána é agus d'fhan sé go dtí lá naofa na sabóide; ansin, nuair nach raibh na
Giúdaigh ag obair, d'ordaigh sé dá chuid fear máirseáil in arm agus in éide. [26]D'imir sé

faobhar claímh ar gach duine a tháinig amach le hiad a fheiceáil agus ansin rinne sé ruathar isteach sa chathair lena fhir armtha agus mharaigh sé a lán daoine.

[27]Ach d'éalaigh Iúdás Macabaech le naonúr eile amach faoin bhfásach, agus mhair sé féin agus a chompánaigh sna sléibhte ar nós na n-ainmhithe allta, gan aon ní a ithe ach lusraí fiáine d'fhonn truailliú a sheachaint.

Págánachas Éigeantach

6 Go luath ina dhiaidh sin chuir an rí seanóir ón Aithin chun a chur d'iallach ar na Giúdaigh dlíthe a sinsear a thréigean, scor de bheith ag maireachtáil de réir dhlíthe Dé, [2]an Teampall in Iarúsailéim a thruailliú agus é a thíolacadh do Shéas Oilimpeach, agus an ceann i nGirizím do Shéas, pátrún na ndeoraithe, faoi mar a [d'éiligh] an mhuintir a bhí ag cur fúthu san áit sin.

[3]Ba gharbh agus ba dho-iompair ar fad é ionsaí na hurchóide. [4]Líon na gintlithe an Teampall le ragairne agus le drabhlás, agus iad ag suirí le meirdreacha, agus ag luí le mná sna háiteanna beannaithe, agus nithe nár chuí á mbreith isteach le híobairt acu. [5]Bhí an altóir ualaithe le hofrálacha íobarthach gráiniúil a bhí coiscthe ag na dlíthe. [6]Ní fhéadfadh duine an tsabóid a choimeád, féilte na sinsear a cheiliúradh, ná fiú a admhail gur Giúdach é. [7]Chuirtí d'iallach ar na [Giúdaigh] le láimh láidir dhian na hionathair íobartha a ithe an lá sa mhí ina gceiliúrtaí breith an rí; [8]nuair a tharlaíodh feile le Díonaíosas, chuirtí d'iallach orthu máirseáil i mórshiúl in onóir Dhíonaíosas agus fleasca eidhneáin á gcaitheamh acu. Tugadh fógra do na cathracha Gréagacha ina gcóngar, le treoir ó

Ptoilimí, an cor céanna a thabhairt ar na Giúdaigh agus iallach a chur orthu a bheith páirteach sna híobairtí, [9]agus an mhuintir nach mbeadh sásta glacadh dá ndeoin le nósanna Heilléanacha a chur chun báis. Bhí an ainnise a tháinig sa mhullach orthu soiléir don saol. [10]Cuireadh i leith beirt bhan, abair, go ndearnadar a leanaí a thimpeallghearradh. Máirseáladh go poiblí tríd an gcathair iad agus a leanaí ag siolpadh a gcíoch, agus ansin caitheadh ceann ar aghaidh le ballaí na cathrach iad. [11]Bhí a thuilleadh acu a chuaigh i bhfolach i bpluaiseanna sa chomharsanacht leis an seachtú lá a choimeád naofa gan fhios, ach braitheadh iad le Pilib, agus loisceadh le chéile iad mar gur choisc a gcráifeacht orthu iad féin a chosaint, bhí an oiread sin urraime acu do naofacht an lae.

[12]Impím anois ar lucht léite an leabhair seo, ná cuireadh tubaistí mar sín díomá orthu, ach a thuiscint nach é is aidhm dóibh ár muintir a scriosadh ach iad a smachtú. [13]Gan scaoileadh leis na héagráifigh ar feadh i bhfad, ach díoltas a imirt orthu gan mhoill, sin comhartha mórchneastachta. [14]Óir i gcás na náisiún eile, fanann an Tiarna go foighneach gan pionós a imirt orthu nó go líontar tomhas a bpeaca go béal; ach a mhalairt a bheartaigh sé a dhéanamh linne, [15]d'fhonn nach ndéanfadh sé díoltas a imirt orainn níos déanaí nuair a bheadh ár bpeacaí i mbuaic a réime. [16]Dá réir sin ní dhiúltaíonn sé a thrócaire riamh dúinn; ceartaíonn sé sinn le tubaistí, ach ní thréigeann sé a phobal féin. [17]Bíodh a bhfuil ráite mar chuimhneachán againn; ní foláir dúinn dul ar aghaidh leis an scéal go hachomair.

Eileázár Martar

[18]Bhí Eileázár, duine de phríomhúinteoirí an dlí, anonn go maith sna blianta agus dreach sáruasal air. Bhíothas á chur d'fhiacha air a bhéal a oscailt agus muiceoil a shlogadh. [19]Ach b'fhearr leis bás a fháil faoi onóir ná bheith beo faoi náire. Chuaigh sé chun a chéasta as a stuaim féin agus é ag caitheamh amach na feola as a bhéal, [20]mar is dual d'fhear an mhisnigh diúltú don rud nach dleathach a bhlaiseadh, fiú má chuireann sé a bheatha féin i mbaol. [21]An mhuintir a bhí i gceannas ar an bhfleá náireach, bhí seanaithne acu air. Thugadar i leataobh é agus mhol dó go príobháideach fios a chur ar fheoil dá chuid féin ba chead dó a ithe, agus a ligean air go raibh sé ag ithe feoil na híobartha mar a d'ordaigh an rí. [22]Bheadh ar a chumas an bás a sheachaint ach leas a bhaint as an gcineáltas sin a bhí bunaithe ar an seanchairdeas eatarthu. [23]Ach bhí an seasamh uasal a ghlac sé ar aon chéim lena aois mhór agus leis an ngradam a bhí tuillte go maith aige i ndeireadh a shaoil; bhí sé freisin de réir na beatha gan cháim a bhí caite aige óna óige anall, agus thar gach rud eile bhí sé de réir an dlí naofa a tháinig ó Dhia féin. Nocht sé a thuairimí go poiblí, á rá leo é a chur chun báis láithreach. [24]"Cur i gcéill den saghas sin," ar seisean, "ní oireann sé don aois atá agamsa, le heagla go measfadh go leor daoine óga gur ghéill Eileázár in aois a nócha bliain do mhodh beatha na gcoimhthíoch; [25]agus, de bhrí go ndéanfainn an cur i gcéill seo ar mhaithe le seal beag bídeach ar an saol seo, go gcuirfí iad féin ar strae mar gheall ormsa; ní dhéanfainn ach smál agus náire a tharraingt orm féin i mo sheanaois. [26]Fiú dá seachnainn féin go sealadach pionós ó dhaoine, níorbh fhéidir liom, beo ná marbh, éalú ó láimh Dé

uilechumhachtaigh. [27]Dá bhrí sin, má tá sé d'fhearúlacht ionam an bheatha seo a scaoileadh uaim anois díreach, taispeánfaidh mé gur fiú mo sheanaois mé, [28]agus fágfaidh mé sampla uasal ag an óige den bhealach inar ceart bás naofa a fhulaingt go cíocrach fáilteach ar son dhlíthe beannaithe na sean."

Nuair a bhí an méid sin ráite aige chuaigh sé caol díreach chun a chéasta. [29]An mhuintir a raibh dea-chroí acu dó ó chianaibh, thiontaigh siad ina aghaidh tar éis na cainte sin nach raibh inti, a mheas siad, ach deargbhuile. [30]Agus é ar tí bás a fháil faoi na buillí lig sé cnead os ard as agus dúirt: "Tá eolas naofa ag an Tiarna agus feiceann sé go soiléir, cé go bhféadfainn éalú ón mbas, cibé scéal é ag an gcéasadh dian ar mo chorp atáim a fhulaingt de bharr na greasála seo, go bhfuil lúcháir ar m'anam bheith ag fulaingt de bharr na hurraime atá agam dó." [31]Sin mar a d'éag sé agus d'fhág sé a bhás mar shampla den uaisleacht agus mar theist ar an tsuáilce, ní amháin don óige ach do thromlach mór an naisiúin chomh maith.

Bású Seachtar Deartháireacha

7 Tharla gur gabhadh seachtar deartháireacha mar aon lena máthair. Rinne an rí iarracht a chur d'iallach orthu muiceoil a bhlaiseadh, rud atá coiscthe sa dlí. Céasadh le fuipeanna agus le sciúirsí iad. [2]Labhair duine acu thar ceann na ndaoine eile agus is é a dúirt sé: "Cad atá tú ag iarraidh a fháil amach uainn? Is fearr linn an bás ná dlíthe ár sinsear a bhriseadh." [3]Tháinig fraoch feirge ar an rí agus d'ordaigh sé potaí agus coirí a théamh ar thine. [4]Téadh iadsan deargthe gan mhoill, agus ansin d'ordaigh sé teanga an

urlabhraí a ghearradh as, a cheann a fheannadh, a ghéaga agus a chosa a ghearradh de os comhair súile a dheartháireacha eile agus a mháthar. [5]Nuair a bhí sé ar éidreoir amach is amach, d'ordaigh an rí é a bhreith chun na tine, agus an dé fós ann, agus é a róstadh i bpota. Leath an gal ón bpota ar fud an bhaill, ach bhí an mháthair agus na deartháireacha ag tabhairt misneach dá chéile bás a fháil go huasal agus á rá le chéile: [6]"Tá an Tiarna Dia ag faire orainn, agus tá trua aige dúinn go cinnte faoi mar a d'fhógair Maois ina laoi inar thug sé fianaise in aghaidh an phobail suas lena mbéal á rá: 'beidh trua aige dá shearbhóntaí'."

[7]Nuair a bhí slán fágtha ag an gcéad deartháir leis an saol seo ar an gcuma sin, thug siad an dara duine díobh ar aghaidh le bheith mar sheó acu. Nuair a bhí idir chraiceann agus ghruaig stollta dá cheann acu, d'fhiafraíodar de: "An íosfaidh tú sula stolltar do chorp ó chéile géag ar ghéag?" [8]D'fhreagair sé i dteanga a shinsear: "Ní dhéanfaidh mé." Imríodh céasadh air dá bhrí sin dála an chéad dearthár. [9]Nuair a bhí sé ar an dé deiridh, scairt sé amach: "A scraiste bhrúidiúil, tig leat an bheatha seo a bhaint dínn, ach tógfaidh Rí an Domhain chun na nuabheatha síoraí sinn, óir is ar son a dhlíthe atáimid dár gcur chun báis."

[10]I ndiaidh an duine sin chuaigh siad go sultmhar i mbun an tríú deartháir. Nuair a iarradh air a theanga a chur amach, chuir sé amach láithreach í, agus shín sé amach a lámha go dána [11]á rá go huasal: "Ó neamh a fuair mé na géaga seo; ar son a dhlíthe is beag é mo mheas orthu; tá dóchas agam go bhfaighidh mé ar ais uaidh athuair iad." [12]Bhain, dá bhrí sin, misneach an fhir óig agus a neamhshuim sa phionós stangadh as an rí agus a lucht freastail. [13]Nuair a bhí seisean marbh chomh maith, thug siad an céasadh

brúidiúil céanna ar an gceathrú deartháir. [14]Nuair a bhí an bás ag teannadh leis labhair sé mar leanas: “Is fearr de rogha an bás a fhulaingt ó lámha daoine ach le muinín as gealltanas Dé go dtabharfadh seisean aiséirí dúinn; ach níl aon aiséirí chun na beatha i ndán daoibhse.”

[15]Ansin thug siad an cúigiú duine i láthair agus chrom ar é a chéasadh. [16]Ach d’fhéach seisean ar [an rí] agus dúirt: “Tá cumhacht agat ar dhaoine, agus, cé gur daonna thú, is féidir duit déanamh mar is áil leat. Ach ná bí á mheas gur thréig Dia ár gcine. [17]Lean ort agus feicfidh tú conas mar a chéasfaidh a chumhacht thréan thú féin agus do shíol.”

[18]I ndiaidh an duine sin thug siad an séú duine i láthair. Nuair a bhí sé ar tí báis dúirt sé: “Ná cuir dallamullóg ort féin; tá na nithe seo á bhfulaingt againne de bharr ár bpeacaí in aghaidh ár nDé; is uafásach iad na nithe a tharla. [19]Ach ná bíse á mheas go rachaidh tú slán gan phionós de bhrí go ndearna tú iarracht ar chogadh a chur ar Dhia!”

[20]Chruthaigh an mháthair ar fheabhas, agus tuilleann sí go mbeadh buanchuimhne uirthi, óir d’fhair sí bás a seachtar mac i gcaitheamh an aon lae amháin, agus d’fhulaing sí é sin go calma, mar gheall ar an dóchas a chuir sí sa Tiarna. [21]Leoga, is amhlaidh a mhisnigh sí gach duine acu i dteanga a sinsear. Bhí creideamh daingean uasal aici, agus bhí an chalmacht is dual don fhear mar thaca leis an stuaim is dual don bhean nuair a dúirt sí leo: [22]“Ní eol dom conas a tharla i mo bhroinn sibh; ní mise a chuir anam agus beatha ionaibh ná ní mise a chum gach ball de bhur gcorp. [23]Is é cruthaitheoir an domhain a leag amach conas a thiocfadh duine ar an saol; eisean a bheartaigh tús an uile ní; ina thrócaire tabharfaidh sé anam agus beatha ar ais daoibh, ó tharla gur beag libh sibh féin mar gheall ar a dhlíthe.”

[24]Mheas Aintíochas go raibh sí ag fonóid faoi; bhí sé in amhras go raibh masla i dtuin a gutha. Ó tharla an deartháir ab óige a bheith beo fós, d'impigh sé air, ní amháin le briathra ach le gealltanais a mhionnaigh sé, á rá go ndéanfadh sé saibhir sona é dá dtréigfeadh sé nósanna a shinsear; dhéanfadh sé cara dó féin de agus bhronnfadh sé post poiblí air. [25]Níor thug an t-ógfhear aird ar bith air, agus, dá bhrí sin, ghlaoigh an rí chuige ar a mháthair ansin agus d'iarr uirthi comhairle a thabhairt don ógánach é féin a fhuascailt. [26]Tar éis dó bheith á áiteamh uirthi ar feadh i bhfad, thoiligh sí comhairle a chur ar a mac. [27]Chrom sí anuas air agus bhuail sí bob ar an tíoránach dánartha leis na focail seo i dteanga a sinsear: "A mhic, bíodh trua agat dom; d'iompair mé naoi mí i mo bhroinn thú, agus thug mé bainne cíche duit ar feadh trí bliana; bheathaigh mé agus d'oil mé thú go dtí an aois atá agat anois agus rinne mé cúram díot. [28]Impím ort, a leanbh liom, féach ar neamh agus ar talamh; machnaigh ar a bhfuil iontu agus admhaigh nach ndearna Dia iad as aon ní a bhí ann cheana agus gur sa dóigh chéanna a thagann an cine daonna ar an saol. [29]Ná bíodh faitíos ort roimh an gcéastúnach seo, ach cruthaigh go bhfuil tú ar aon chéim le do dheartháireacha, agus cuir fáilte roimh an mbás ionas go bhfaighidh mé ar ais thú, lá na trócaire, i gcuideachta do dheartháireacha."

[30]Sula raibh deireadh ráite aici, dúirt an t-ogfhear: "Cad leis a bhfuil sibh ag feitheamh? Ní ghéillfidh mé do reacht an rí; umhlaím don reacht atá sa dlí a tugadh dár sinsir trí Mhaois. [31]Maidir leatsa, a dhuine a bheartaigh gach cineál oilc in aghaidh na nGiúdach, is cinnte nach n-éalóidh tú ó láimh Dé. [32]Óir táimidne ag fulaingt de bharr ár bpeacaí; [33]agus fág go bhfuil ár dTiarna beo i bhfearg linn ar feadh tamaill bhig, d'fhonn sinn a cheartú, agus a smachtú, beidh sé muinteartha arís lena shearbhóntaí féin. [34]Ach

tusa, a ropaire smáil, a dhíogha an chine dhaonna ar choirpeacht, ná bíodh éirí in airde baoth ort, agus ná bíodh muinín gan bhonn mar chúis misnigh agat, nuair a ardaíonn tú do lámh in aghaidh chlann neimhe. [35]Níor tháinig tú slán fós ó bhreithiúnas Dé uilechumhachtaigh a fheiceann gach ní. [36]Tá ár ndeartháireacha anois [ag ól] as sruthán na beatha gan díosc de réir chonradh Dé agus a dtéarma gairid péine curtha díobh acu. Ach tusa, cuirfear pionós cóir ort ar son do dhíomais trí bhreithiúnas Dé. [37]Déanaimse ar aon dul le mo dheartháireacha mo chorp agus m'anam a thabhairt suas ar son dlíthe mo shinsear, á impí ar Dhia trócaire a thaispeáint dár náisiún go luath, agus a chur d'iallach ortsa, trí thubaistí agus trí phlánna a admháil gurb eisean amháin is Dia ann; [38]agus fearg an Uilechumhachtaigh atá ag luí le barr cirt ar ár náisiún go léir a chur chun suain tríomsa agus trí mo dheartháireacha."

[39]Tháinig racht feirge ar an rí agus thug sé cor níos cruálaí air seo ná ar an gcuid eile mar go raibh an drochmheas go léir a chaith sé leis á chrá. [40]Fuair sé bás mar sin gan smál, agus é lán de mhuinín as an Tiarna. [41]Fuair an mháthair bás ar deireadh thiar i ndiaidh a mac. [42]Is leor sin anois faoi ithe íobairtí agus faoi chéasadh thar fóir.

Iúdás Macabaech

8 Ghabh Iúdás, ar a dtugtaí freisin an Macabaech, agus a chompánaigh isteach sna sráidbhailte os íseal agus ghlaoigh a muintir le chéile; ghlacadar leis na daoine a d'fhan dílis don Ghiúdachas, agus chruinnigh siad ar an gcuma sin timpeall sé mhíle fear. [2]D'impigh siad ar an Tiarna féachaint le trócaire ar an muintir a bhí faoi leatrom ó gach

taobh, agus trócaire a dhéanamh ar an Teampall a thruailligh lucht na haindiagachta, [3]agus trua a bheith aige don chathair a bhí á scriosadh agus ar tí a scartála ó bhonn, agus cluas a thabhairt don fhuil a bhí ag glaoch os ard chuige, [4]agus gan dearmad a dhéanamh ar na naíonáin gan chiontacht a bhí á n-ídiú go coirpeach, ná ar na diamhaslaí a rinneadh in aghaidh a ainm, agus a fhuath don olc a fhógairt don saol.

[5]A luaithe a bhí a arm eagraithe ag an Macabaech níorbh fhéidir do na págánaigh an fód a sheasamh ina aghaidh, mar bhí trócaire in áit feirge ar an Tiarna. [6]Thugadh sé fogha gan choinne faoi chathracha agus faoi shráidbhailte agus chuireadh trí thine iad. Ghabh sé láithreacha feiliúnacha agus bhris sé ar dhíormaí iomadúla dá naimhde; [7]bhíodh na hoícheanta go háirithe áisiúil d'ionsaithe den sórt sin. Leath clú a ghaisce i ngach treo.

[8]Nuair a chonaic Pilib go raibh Iúdás ag dul chun cinn de réir a chéile agus ag fáil bua níos minice ná riamh, scríobh sé chun Ptoilimí, gobharnóir Choíle Síre agus Féinícia, ag lorg cabhrach do chúis an rí. [9]Cheap seisean gan mhoill Niocánór mac Phatroclas, duine de phríomhchairde an rí, i gceannas ar fhórsa idirnáisiúnta de bhreis agus fiche míle de ghintlithe, d'fhonn an cine Giúdach ar fad a scriosadh. Mar pháirtí aige cheap sé Goirgias, ginearál agus fear a raibh seantaithí aige ar chúrsaí cogaidh. [10]Bheartaigh Niocánór go ndéanfadh sé an cháin de dhá mhíle tallann a bhí ag dul do na Rómhánaigh ón rí a bhailiú trí na príosúnaigh Ghiúdacha a ghabhfaí a dhíol mar dhaoráin. [11]Chuir sé scéala ar an toirt go dtí na cathracha ar fheorainn na farraige ag tabhairt cuireadh dóibh daoir Ghiúdacha a cheannach agus á gheallúint go dtabharfadh sé nócha daor ar thallann, gan aon súil aige le breithiúnas an Uilechumhachtaigh a bhí ar a thí.

[12]Nuair a fuair Iúdás gaoth an fhocail go raibh Niocánór ar a bhealach, agus gur chuir sé in iúl dá lucht leanúna go raibh an armáil chucu, [13]an mhuintir mheata gan mhuinín as cóir Dé, bhaineadar as na bonna é agus d'imíodar leo. [14]Dhíol an chuid eile a raibh de mhaoin fágtha acu, ag achainí ar an Tiarna san am céanna iad a fhuascailt ó Niocánór na haindiagachta a bhí tar éis iad a dhíol fiú roimh dul i ngleic leo – [15]agus mura ndéanfadh sé amhlaidh ar a son féin é a dhéanamh ar a laghad ar son na gconarthaí a rinneadh lena sinsir agus de bhrí go raibh a ainm naofa oirearc féin á thabhairt aige orthu.

[16]Thionóil an Macabaech a chuid fear, timpeall sé mhíle a líon, agus ghríosaigh iad gan scéin a bheith orthu roimh an namhaid, agus gan eagla a bheith orthu roimh an mathshlua de ghintlithe a bhí ag teacht ina gcoinne le teann urchóide, ach cath a thabhairt go calma, [17]agus gan dearmad a dhéanamh ar an gcoir uaibhreach éagórach a rinne an dream seo in aghaidh na háite naofa, an ciapadh a bhí á dhéanamh ar an gcathair bhocht gan mheas, agus mar bharr air sin, an scrios a bhí á dhéanamh ar an mbéascna dhúchais. [18]"Bíodh a muinín acusan," a deireadh sé, "as airm agus gníomhartha gaisce, ach tá muinín againne as Dia Uilechumhachtach, a bhfuil sé ar a chumas, le croitheadh dá cheann, an mhuintir atá ag teacht inár gcoinne a leagan ar lár, agus an domhan go léir in éineacht leo." [19]Chuir sé i gcuimhne dóibh freisin na huaireanta a thángthas i gcabhair ar a sinsir – an uair úd le linn Shanaichéiríb nuair a cailleadh céad ochtó cúig mhíle, [20]agus an t-am úd sa Bhablóin nuair nach raibh le cath a chur ar na Galataigh ach ocht míle Giúdach agus ceithre mhíle Macadónach; nuair a bhí na Macadónaigh i gcúngrach scrios an t-ocht mhíle céad agus a fiche míle tríd an gcabhair a fuair siad ó neamh, agus ghabh siad creach thar cuimse.

[21]Thug sé misneach dóibh leis na focail sin i dtreo go raibh siad réidh le bás a fháil ar
son a ndlíthe agus ar son a dtíre; ansin roinn sé a arm ina cheithre dhíorma, [22]agus chuir
sé a dheartháireacha Síomón, Iósaef agus Iónátán i gceannas ar dhíorma an duine, cúig
céad déag faoi gach fear díobh. [23]D'ordaigh sé d'[Eisdrias] freisin léamh os ard as an
leabhar naofa, agus thug dóibh an focal faire: "Cabhair Dé." Ansin chuaigh sé féin i
gceannas ar an gcéad díorma agus chuir cath ar Niocánór. [24]Leis an Uilechumhachtach
mar chomhghuaillí, mharaigh siad breis agus naoi míle dá naimhde agus rinneadar
formhór arm Niocánór a ghoineadh nó a leonadh agus chuir siad an teitheadh orthu go
léir. [25]Leag siad féin lámh ar airgead lucht a gceannaithe mar dhaoir. Chuaigh siad sa tóir
orthu ar feadh tamaill fhada, ach ansin d'fhill siad cheal ama. [26]Ba í oíche na sabóide í
agus dá bhrí sin níor lean siad sa tóir orthu. [27]Chruinnigh siad airm a naimhde, bhain a
n-éadáil díobh, agus ansin cheiliúir siad an tsabóid le moladh agus le buíochas don Tiarna
a rinne iad a chaomhnú don lá sin agus a bhronn orthu é mar chéad bhlaiseadh a
thrócaire. [28]Nuair a bhí an tsabóid thart, thug siad cuid den chreach don mhuintir a
céasadh, agus do na baintreacha agus na dílleachtaí, agus roinn siad an chuid eile orthu
féin agus ar a gclann. [29]Ar chur sin i gcrích dóibh, ghlac siad páirt in urnaí phoiblí á impí
ar Thiarna na trócaire cairdeas iomlán a dhéanamh lena shearbhóntaí.

Bua ar Thiomóid agus ar Bhacaídéas

[30]Chuir siad cath freisin ar fhórsaí Thiomóid agus Bhacaídéas, mharaigh siad thar fiche
míle díobh, agus fuair seilbh ar roinnt daingean ard. Roinn siad an chreach ábhalmhor ina

dhá cuid chothroma, agus thug cuid dóibh féin agus an oiread céanna don mhuintir ar ar imríodh géarleanúint, agus do na dílleachtaí agus do na baintreacha, gan dearmad a dhéanamh ar na seandaoine. [31]Chruinnigh siad airm [an namhad] agus chuir i dtaisce go cáiréiseach iad in áiteanna feiliúnacha. Thugadar an chuid eile den chreach go Iarúsailéim. [32]Mharaíodar captaen gharda Thiomóid, ropaire cruthanta, a raibh a lán urchóide déanta aige do na Giúdaigh. [33]Le linn dóibh a bheith ag ceiliúradh a mbua ina gcathair dhúchais mharaigh siad an dream a chuir na geataí naofa trí thine, Caillistinéas agus dornán eile; bhíodarsan teite isteach i dteach beag; fuaireadar luach saothair cuí ar son a ndiamhasla.

Admháil Niocánór

[34]Niocánór na dtrí mallacht, an té úd a thug leis an míle ceannaí chun na Giúdaigh a cheannach, [35]umhlaíodh é le cabhair an Tiarna ag céilí comhraic a mheas sé a bhí ar an dream ba shuaraí; chaith sé de a éide thaibhseach agus chuir chun bealaigh leis féin tríd an dúiche mar a dhéanfadh teifeach daoráin, agus shroich sé Aintíoch le barr áidh agus a arm féin scriosta. [36]Ar an gcuma sin, an fear a gheall go dtabharfadh sé a gcáin do na Rómhánaigh trí na bránna ó Iarúsailéim a ghabháil, bhí sé á fhógairt anois go raibh Cosantóir ag na Giúdaigh, agus dá bhrí sin go raibh na Giúdaigh dochloíte mar go raibh na dlíthe a leag seisean síos á gcomhlíonadh acu.

Deireadh Saoil Aintíochas

9 Um an dtaca sin tharla go raibh Aintíochas tar éis cúlú ar mhí-eagar ó chríocha na
Peirse. [2]Ghabh sé isteach sa chathair ar a dtugtar Peirsipoil agus rinne sé iarracht ar
na teampaill a robáil agus smacht a fháil ar an gcathair. Uime sin ghabh na daoine a
n-airm chucu agus bhrostaigh i gcabhair i dtreo gur bhris na háitritheoirí ar Aintíochas
agus gurbh éigean dó teitheadh leis faoi náire. [3]Nuair a shroich sé Eacbatana chuala sé
cad a tharla do Niocánór agus do shluaite Thiomóid. [4]Tháinig fraoch feirge air, agus
bheartaigh sé go mbainfeadh sé sásamh as na Giúdaigh ar son na hurchóide a rinne an
dream a chuir an teitheadh air féin. D'ordaigh sé dá ara dá bhrí sin tiomáint ar aghaidh
gan stad nó go gcuirfeadh sé a aistear de. Ach chuaigh breithiúnas neimhe ina
choimhdeacht, mar dúirt sé le teann díomais: "Déanfaidh mé ollreilig do na Giúdaigh de
Iarúsailéim nuair a shroichfidh mé é." [5]Ach Dia Iosrael, an Tiarna a fheiceann gach ní,
bhuail sé é le buille doleighiste dofheicthe. Ní raibh na focail ach as a bhéal nuair a bhuail
pian doleighiste é sa chliabhrach agus a ghabh íona géara é sna hionathair – [6]agus ní raibh
ansin ach lán an chirt ina chás siúd mar gurb iomaí slí inar chéas sé cliabhraigh dhaoine
eile le pianta aisteacha. [7]Ach níor mhaolaigh sé aon phioc ar a dhíomas, ach bhorr sé le
breis uabhair agus bagarthaí bladhmannacha ag teacht as a bhéal le barr feirge leis na
Giúdaigh agus é á ordú aige brostú ar aghaidh. Ansin go tobann caitheadh as a charbad é
agus é faoi lánsiúl agus bhí an titim chomh crua sin gur chéas sé gach cnámh ina chorp.
[8]Ar an gcuma sin an té a mheas le barr díomais mhídhaonna ó chianaibhín go bhféadfadh
sé ordú a chur ar thonnta na farraige, agus na sléibhte arda a thomhas i meá, leagadh

chun láir agus lántalún é agus bhí sé á iompar ar eileatrom, rud a d'fhógair cumhacht Dé go soiléir do chách, [9]sa mhéid go raibh corp an éagráifigh ar snámh le cruimheanna, agus gur lobh a fheoil agus é beo fós á chrá agus á phianadh, agus gur chuir an boladh lofa uaidh déistean ar an arm go léir. [10]An fear a shíl ó chianaibhín go bhféadfadh sé lámh a leagan ar réaltaí na spéire, níorbh fhéidir le haon duine é a iompar anois mar go raibh an boladh uaidh dofhulaingthe. [11]Ansin nuair a bhí a mhisneach teipthe air, chrom sé ar a lán den uabhar a chur de agus thosaigh a chiall ag teacht dó faoi sciúirse Dé mar bhí sé á chiapadh ag pianta gan staonadh. [12]Nuair nárbh fhéidir leis féin fiú amháin cur suas lena bholadh, dúirt sé: "Sé an ceart é géilleadh do Dhia, agus níor chóir d'aon daonnaí bheith ag dréim le bheith ar aon chéim le Dia."

[13]Ansin chrom an cneámhaire ar ghuí chun an Mháistir nach mbeadh trua aige a thuilleadh dó, á mhóidiú [14]go ndéanfadh sé an chathair naofa, a raibh sé ag brostú chun a scartála ó bhonn agus ollreilig a dhéanamh di, a fhógairt ina cathair shaor; [15]agus maidir leis na Giúdaigh, an mhuintir nár shíl sé ab fhiú a chur i gcré, ach arbh áil leis a chaitheamh mar aon lena leanaí chun na n-ainmhithe allta, le halpadh ag na héin, go gcuirfeadh sé ar chomhchéim le saoránaigh na hAithine iad; [16]go ndéanfadh sé an sanctóir a chreach sé tráth a mhaisiú le togha na n-ofrálacha; go ndéanfadh sé na soithí beannaithe, gach ceann díobh, a chúiteamh arís agus arís eile; go n-íocfadh sé costais na n-íobairtí as a theacht isteach pearsanta féin; [17]agus mar bharr air sin go léir go n-iompódh sé ina Ghiúdach agus dtabharfadh sé turas ar gach áit ina raibh cónaí ar dhaoine le cumhacht Dé a fhógairt. [18]Ach nuair nach ndeachaigh aon mhaolú ar a phianta de bhrí go raibh breithiúnas Dé ag luí air le lán an chirt, chaill sé gach dóchas ina thaobh

féin, agus scríobh sé litir mar leanas chun na nGiúdach i bhfoirm achainí; seo mar a ghabh an litir:

[19]Cuireann Aintíochas rí agus ceannasaí a bheannachtaí líonmhara agus a dhea-mhéin dá mbeatha dá sláinte agus dá gconách chuig a shaoránaigh chóra, na Giúdaigh. [20]Má tá sibh féin agus bhur gclann ar fónamh agus bhur gcúraimí ar bhur dtoil agaibh, táim an-sásta. Ós rud é gur as neamh atá mo mhuinín, [21]is cuimhin liom bhur ndea-mheas orm agus bhur ndea-thoil, le gean. Ar mo shlí ar ais ó dhúiche na Peirse bhuail galar gránna mé agus shíl mé nárbh fholáir dom féachaint chun slándáil choiteann cách. [22]Níl aon éadóchas orm faoi mo staid ach mé ag súil leis go láidir go dtiocfaidh mé slán ón ngalar; [23]ach rinne mé mo mhachnamh ar conas mar a dhéanadh m'athair comharba air féin a ainmniú nuair a bhíodh sé ar aigne aige feachtas a dhéanamh faoi na hardáin, [24]i dtreo, dá dtarlódh tubaiste éigin gan choinne, nó dá bhfaighfí aon drochscéala, go mbeadh a fhios ag muintir na tíre cé a d'fhágfaí i bhfeighil an rialtais agus nach mbeidís buartha; [25]is maith atá a fhios agam freisin conas mar atá na flatha ar mo theorainn agus comharsana mo ríochta ag faire na faille agus ag feitheamh féachaint cad a tharlódh. Cheap mé mo mhac Aintíochas, dá bhrí sin, ina rí, fear a thaobhaigh mé libh agus a mhol mé do bhur bhformhór go minic agus mé ag cur chun bealaigh chun na gcúigí uachtair; tá cóip de mo litir chuige siúd ag gabháil léi seo. [26]Táim á thathant oraibh dá bhrí sin, agus á impí oraibh, cuimhneamh ar na comaoineacha, idir phoiblí agus phríobháideach, a cuireadh oraibh, agus leanúint oraibh, gach duine agaibh, agus dea-mhéin a bheith agaibh i mo leithse agus i leith mo mhic.

[27]Mar tá a fhios agam go gcloífidh sé le mo pholasaí agus go mbeidh sé measartha
cneasta libh.
[28]Ar fhulaingt na bpianta ba ghéire dá bhrí sin don dúnmharfóir agus don diamhaslóir seo,
pianta den sórt a d'fhulaing daoine eile faoina lámha, tháinig críoch lena ré trí chinniúint
róthruamhéileach i measc na sléibhte i dtír iasachta. [29]Thug a chompánach Pilib a chorp
ar ais, ach ansin theith sé chun na hÉigipte, go cúirt Ptoilimí Fileomaetór, le heagla roimh
mhac Aintíochas.

Íonghlanadh an Teampaill

10 Rinne an Macabaech agus a lucht leanúna, faoi threoir an Tiarna, an Teampall
agus an chathair a athnuachan; [2]scartáil siad ó bhonn na haltóirí a thóg na
heachtrannaigh in áit an mhargaidh agus scrios siad na tearmainn bheannaithe. [3]Ghlan
siad an sanctóir agus thóg altóir nua; ansin bhain siad tine as breochlocha, agus, le
cabhair na tine sin, d'ofráil siad an chéad íobairt le dhá bhliain, dhóigh túis, las na
lóchrainn agus leag amach builíní na láithreachta. [4]Nuair a bhí sin déanta chaith siad iad
féin ar a mbéala ar an talamh agus d'impigh siad ar an Tiarna nach dtitfidís go deo arís i
dtubaistí dá leithéid, ach dá ndéanfaidís peaca choíche go ndéanfaí iad a cheartú go
measartha, gan iad a thabhairt suas do chiní diamhaslacha barbartha. [5]Tharla gur ar an lá
ceannann céanna a scriosadh an Teampall ag na heachtrannaigh agus a rinneadh
íonghlanadh an Teampaill, an cúigiú lá fichead den mhí chéanna, Cisléu is é sin. [6]Cheiliúir
siad é ar feadh ocht lá, faoi lúcháir dála féile na dTaibearnacal, agus iad ag cuimhneamh

ar conas mar a bhíodar go gairid roimhe sin le linn fhéile na dTaibearnacal, ar seachrán sna sléibhte agus sna pluaiseanna mar ainmhithe fiáine. [7]D’iompair siad géaga gleoite, craobhacha agus pailmeacha, agus thoirbhir iomainn bhuíochais don té a chuir íonglanadh a áite féin i gcrích le séan. [8]Chinneadar freisin le reacht poiblí agus vótáil go ndéanfadh an cine Giúdach go léir na laethanta sin a cheiliúradh gach bliain.

Ptoilimí Macrón

[9]Sin é más ea an chríoch a d’imigh ar Aintíochas, ar a dtugtaí Eipifeanaes. [10]Inseoimid anois cad a tharla faoi Aintíochas Eopatór, mac an fhir éagráifigh úd, agus déanfaimid drochiarsmaí na gcogaí a ríomhadh go hachomair. [11]Nuair a tháinig seisean i gcoróin cheap sé Lisias áirithe i bhfeighil cúrsaí mar phríomhghobharnóir ar an gCoíle Síre agus ar Fhéinícia. [12]Ba é Ptoilimí Macrón, mar a thugtaí air, an chéad ghobharnóir a thug ceart do na Giúdaigh agus rinne sé a dhícheall iad a rialú go síochánta agus cúiteamh a dhéanamh ar son a ndearnadh d’éagóir orthu roimhe sin. [13]Dá bharrsan rinne cairde an rí é a chúisiú i láthair Eopatór; ina theanntasan bhí an t-ainm brathadóir le clos aige á thabhairt air féin ar gach taobh mar gur thréig sé an Chipir a chuir Fileomaetór faoina chúram, agus gur ghabh sé le hAintíochas Eipifeanaes. Nuair a chuaigh de an urraim ba dhual dá phost a bhaint amach, thóg sé nimh agus chuir deireadh lena shaol.

Goirgias agus Idiúmaeigh

[14]Nuair a rinneadh gobharnóir ar an dúiche sin de Ghoirgias, d'fhostaigh sé fórsa
amhas agus d'fhear cogadh gan staonadh ar na Giúdaigh. [15]Ina theanntasan bhí na
hIdiúmaeigh ag ciapadh na nGiúdach agus daingin thábhachtacha faoina smacht acu;
chuiridís fáilte roimh dhíbearthaigh ó Iarúsailéim agus iad ag iarraidh an cogadh a chothú
i gcónaí. [16]Rinne an Macabaech agus a chuid fear achainí phoiblí chun Dé ag impí air
troid ar a son, agus ansin rinne siad ruathar faoi dhaingin na nIdiúmaech. [17]D'ionsaíodar
iad le fuinneamh agus fuair siad seilbh ar na láithreacha, agus chuir an ruaig ar an muintir
a bhí ag troid ar an mballa; agus mharaigh siad oiread agus ar éirigh leo teacht orthu,
agus d'fhág fiche míle nó breis ar lár marbh. [18]Theith suas le naoi míle ar a laghad isteach
in dhá chaisleán a bhí daingean thar cuimse agus gach cóir iontu chun léigear a sheasamh.
[19]D'fhág an Macabaech ansiúd Síomón agus Iósaef, fara Zacaes lena fhórsaí, a ndóthain
fear chun léigear a chur orthu; agus d'imigh sé féin go dtí áiteanna a raibh breis gá leis.
[20]Ach bhí saint chun airgid ar na fir a bhí le Síomón agus ghlac siad breab ó lucht na
gcaisleán; thóg siad seachtó míle drachma uathu agus lig siad do chuid díobh éalú.
[21]Nuair a chuala an Macabaech cad a tharla, thionóil sé ceannairí an phobail agus chuir sé
ina leith gur dhíoladar a mbráithre ar airgead trí dhaoine a bhí ag cogaíocht leo a
scaoileadh saor. [22]Ansin mharaigh sé lucht an bhraite agus ghabh sé an dá chaisleán gan
mhoill. [23]Bhí rith an rása leis ina chúrsaí míleata go léir agus mharaigh sé breis agus fiche
míle fear sa dá chaisleán.

Briseann Iúdás ar Thiomóid

[24]Tiomóid, fear ar bhuaigh na Giúdaigh air turas roimhe seo, bhailigh sé díorma
ollmhór amhas agus chruinnigh marcshlua líonmhar ón Áise; tháinig sé agus é ar intinn
aige Iúdáia a ghabháil de ruathar. [25]Nuair a bhí sé ag druidim leo rinne an Macabaech
agus a lucht leanúna luaith a chroitheadh ar a gceann, éadach róin a chur faoina gcoim,
agus a n-achainí a chur chun Dé. [26]Shléacht siad chun talún ar na céimeanna os comhair
na haltóra agus d'impigh siad air a bheith fabhrach leo, a bheith ina namhaid ag a
naimhde, agus ina chéile comhraic ag a gcéilí comhraic féin, faoi mar a mholann an dlí go
soiléir. [27]Scoir siad dá n-urnaí ansin, ghabh chucu a n-airm, agus ghluais tamall maith ón
gcathair agus nuair a tháinig siad i gcóngar an namhad, stad siad. [28]Le deargadh an dá
néal, chuaigh an dá arm i ngleic le chéile, arm díobh agus a muinín as Dia chomh maith
lena ngaisce féin mar gheall bua agus conáigh; an t-arm eile agus a mbuile mar
cheannasaí orthu sa chath.

[29]Nuair a bhí an cath á chur go fiochmhar, dhealraigh don namhaid cúigear fear
taibhseach ar muin each le srianta óir agus iad i gceannas na nGiúdach. [30]Bhí siad
timpeall ar an Macabaech á chosaint lena n-éidí agus lena n-airm, agus á chumhdach ó
ghoin, agus iad ag caitheamh gathanna agus saighneáin ar an namhaid, i dtreo gur
cuireadh dalladh agus mearbhall agus mí-ord ainnis orthu agus gur teascadh óna chéile
iad. [31]Maraíodh fiche míle cúig céad fear mar aon le sé chéad marcach. [32]Theith Tiomóid
féin go dtí an dúnfort ar a dtugtar Gazara, ar a raibh cóir an-mhaith chosanta faoi
cheannas Chaeraes. [33]Chuir an Macabaech agus a chuid fear léigear ar an dúnfort le teann

díograise ar feadh ceithre lá. [34]Bhí an dream istigh ag caitheamh diamhaslaí uafásacha agus asachán aindiaga leo le barr muiníne as neart na háite. [35]Ach le breacadh an chúigiú lá, thug fiche óglach d'arm an Mhacabaeigh ruathar cróga faoin mballa le teann feirge de bharr na ndiamhaslaí; agus threascair siad le forneart gach duine dár theagmhaigh leo. [36]Dhreap a thuilleadh an balla suas ar an tslí chéanna, tháinig i leith a gcúil ar na cosantóirí, agus chuir na túir trí thine; las siad tinte agus dhóigh na diamhaslóirí ina mbeatha. Bhris a thuilleadh na geataí agus scaoil isteach an chuid eile den arm agus ghabh an chathair. [37]Mharaigh siad Tiomóid agus é dulta i bhfolach i sistéal, agus a dheartháir Chaeraes agus Apollofanaes. [38]Nuair a bhí an méid sin go léir curtha i gcrích acu, mhol siad an Tiarna, le hiomainn agus laoithe buíochais mar gur thaispeain sé a leithéid de chneastacht d'Iosrael agus gur thug sé an bua dóibh.

Feachtas Lisias

11 Go han-ghairid ina dhiaidh sin tháinig fearg ar Lisias, oide agus gaol an rí a bhí i bhfeighil a ghnóthaí, i dtaobh ar tharla; [2]agus bhailigh sé timpeall ochtó míle troitheach, agus a mharcshlua go léir agus tháinig d'fhonn na Giúdaigh a ionsaí le hintinn áit chónaithe do Ghréagaigh a dhéanamh den chathair, [3]agus cáin a thobhach ar an Teampall mar a rinne ar áiteanna naofa náisiún eile, agus an ardsagartacht a chur ar díol gach bliain. [4]Níor chuir sé cumhacht Dé san áireamh ar aon chor, ach é lán de mhuinín ina dheicheanna de mhílte troitheach, ina mhílte marcach agus ina ochtó eilifint. [5]Ghabh sé isteach in Iúdáia agus dhruid le Béit Zúr, láthair dhaingean timpeall [fiche míle] ó

Iarúsailéim, agus luigh sé go dian air. [6]Nuair a fuair an Macabaech agus a chuid fear scéala go raibh [Lisias] ag cur léigir ar na daingin, chrom siad féin agus an pobal go léir ar ghuí chun an Tiarna le holagón agus le deora á impí air aingeal maith a chur le hIosrael a fhuascailt. [7]Ba é an Macabaech féin an chéad fhear a ghabh chuige a chuid airm, agus spreag sé an chuid eile chun a n-anam a chur i mbaol ina theannta ag fóirithint ar a mbráithre; ansin d'imigh siad leo amach de ruathar le chéile. [8]Bhí siad fós i gcóngar Iarúsailéim nuair a dhealraigh marcach os a gcomhair, é in éide gheal agus airm óir ina lámha. [9]Mhol siad go léir Dia na trócaire le chéile, agus bhí a leithéid de mhisneach ina gcroí go raibh siad réidh leis na hainmhithe is allta nó ballaí iarainn a leagan ar lár chomh maith le daoine daonna. [10]Ghluais siad ar aghaidh in eagar catha le cabhair óna gcomhghuaillí ó neamh mar rinne an Tiarna trócaire orthu. [11]Thug siad fogha faoina naimhde ar nós na leon agus leag siad ar lár aon mhíle déag troitheach, agus sé chéad déag marcach, agus chuir an teitheadh ar an gcuid eile go léir. [12]D'éirigh lena bhformhór seo éalú ach iad gonta, gan arm. Tháinig Lisias féin slán trí theitheadh leis go náireach.

Déanann Lisias Síocháin

[13]Ní raibh [Lisias] gan tuiscint agus rinne sé a mhachnamh ar an treascairt a fuair sé agus thuig sé go raibh na hEabhraigh dochloíte mar go raibh Dia na gcumhacht ag troid ar a dtaobh. Chuir sé teachtaireacht chucu dá bhrí sin [14]agus d'áitigh orthu gach ní a shocrú ar choinníollacha córa, á gheallúint go meallfadh sé fiú an rí féin chun caradais leo. [15]Ní raibh ach an mhaith choiteann ag déanamh imní don Mhacabaech, agus réitigh

sé le gach ar mhol Lisias. Gach iarratas a chuir an Macabaech i láthair Lisias i scríbhinn ar son na nGiúdach, dheonaigh an rí iad.

[16]Seo é téacs na litreach a scríobh Lisias chun na nGiúdach:

Beatha agus sláinte ó Lisias chun an phobail Ghiúdaigh. [17]Chuir Eoin agus Aibseálóm, bhur dtoscairí, an teachtaireacht a shínigh sibh faoi mo bhráid, á impí a bhfuil inti a dheonú. [18]Chuir mé faoi bhráid an rí gach ar ghá a chur faoina bhráid agus d'aontaigh sé le gach arbh fhéidir. [19]Má mhaireann bhur ndea-thoil i leith an rialtais, déanfaidh mé mo dhícheall as seo amach bhur leas a chur chun cinn. [20]Maidir leis na nithe seo agus a mionsonraí, thug mé ordú do [na toscairí] seo agus do m'ionadaithe dul i gcomhairle libh fúthu. [21]Slán agaibh. An bhliain céad daichead a hocht, an ceathrú lá fichead de mhí Dioscoirintias.

[22]Seo mar a ghabh litir an rí:

Beatha agus sláinte ón rí Aintíochas chun a bhráthar Lisias. [23]Ós rud é go bhfuil ionad i measc na ndéithe bainte amach ag ár n-athair, is é ár dtoil go bhfágfaí géillsinigh ár ríochta i bhfeighil a gcúraimí féin gan cur isteach orthu. [24]Tá sé cloiste againn nach réitíonn na Giúdaigh leis an athrú go nósanna Gréagacha a chuir ár n-athair i bhfeidhm, ach gur fearr leo a mbéascna féin, agus go n-impíonn siad go gceadófaí a nósanna féin dóibh. [25]Dá réir sin, ós rud é gur mian linn go mbeadh an cine seo freisin saor ó chiapadh, is é ár mbreith an Teampall a thabhairt ar ais dóibh, agus go mairfidís de réir nósanna a sinsear. [26]Tá sé chomh maith agat dá bhrí sin scéala a chur chucu agus deaslámh an chairdis a shíneadh

chucu, i dtreo go mbeadh eolas acu ar ár bpolasaí, go mbeadh misneach acu agus go rachaidís ar aghaidh lena ngnóthaí féin go sona sásta.

[27]Mar seo a ghabh litir an rí chun an chine Ghiúdaigh:

Beatha agus sláinte ón rí Aintíochas chun seanad na nGiúdach agus chun na nGiúdach eile. [28]Má tá sibh ar fónamh, is mar sin is fearr linn. Táimidne freisin faoi mhaise na sláinte. [29]Chuir Meanalás in iúl dúinn gur mian libh filleadh abhaile agus aire a thabhairt do bhur gcúraimí féin. [30]Dá bhrí sin an mhuintir go léir a fhillfidh abhaile faoin tríochú lá de Xantacas, beidh geall ár gcairdis acu agus cead iomlán [31]ag na Giúdaigh a mbia féin a chaitheamh agus feidhm a bhaint as a ndlíthe féin mar a dhéanaidís cheana; ní chuirfear isteach ná amach ar aon duine díobh de bharr aon ní a rinne sé trí aineolas. [32]Chuir mé Meanalás freisin chun misneach a chur oraibh. [33]Slán agaibh. An bhliain céad daichead a hocht, an cúigiú lá déag de Xantacas.

[34]Chuir na Rómhánaigh litir chucu chomh maith; mar seo leanas a ghabh sí:

Beatha agus sláinte ó Chiuntas Meimias agus ó Thíotas Mainias, toscairí ó na Rómhánaigh, go dtí an pobal Giúdach. [35]Cibé rud a dheonaigh Lisias gaol an rí daoibh, aontaímidne leis freisin. [36]Maidir leis na nithe a bheartaigh sé a chur faoi bhráid an rí, déanaigí iad a phlé go cáiréiseach agus seolaigí duine éigin gan mhoill i dtreo go ndéanfaimis cinneadh mar a d’oirfeadh daoibh. Mar táimid ar tí imeacht go hAintíoch. [37]Déanaigí deifir dá bhrí sin agus cuirigí dream chugainn le go mbeadh fios bhur n-aigne againn. [38]Slán agaibh. An bhliain céad daichead a hocht, an cúigiú lá déag de Xantacas.

Iopa agus Iaimnía

12 Nuair a bhí na socruithe seo déanta, d’fhill Lisias ar an rí agus chuaigh na
Giúdaigh i mbun saothrú na talún arís. [2]Ach cuid de na gobharnóirí in áiteanna ar
leith – Tiomóid, Apollóinias mac Gheannaes, agus Iaróm agus Déamofón agus Niocánór
gobharnóir na Cipire chomh maith céanna, ní ligfidís dóibh maireachtáil go socair
síochánta. [3]Agus rinne cuid de mhuintir Iopa a leithéid seo d’anfhorlann: thugadar
cuireadh do na Giúdaigh a bhí ina gcónaí ina measc dul ar bord long a bhí ullamh lámh
leo, agus a mná agus a leanaí ina dteannta, amhail is nach raibh aon drochaigne acu ina
leith. [4]Rinneadh é sin trí vóta poiblí sa chathair. Nuair a ghlac [na Giúdaigh] leis an
gcuireadh, ós rud é gurb í an tsíocháin a bhí uathu agus nach raibh aon amhras orthu,
thugadar siúd amach faoin bhfarraige iad agus chuir go tóin poill iad, dhá chéad díobh nó
breis. [5]Nuair a chuala Iúdás faoin íde dhanartha a imríodh ar a mhuintir, thug sé ordú dá
chuid fear, [6]agus ghlaoigh ar Dhia, an breitheamh cóir, agus d’ionsaigh dúnmharfóirí a
bhráithre. Chuir sé an cuan trí thine san oíche, dhóigh an loingeas, agus chuir chun báis
gach duine a bhí ag lorg dídine ann. [7]Ansin de bhrí go raibh geataí na cathrach iata,
d’imigh sé leis agus é ar intinn aige teacht arís agus cuallacht uile Iopa a scriosadh. [8]Ach
nuair a chuala sé go raibh sé ar aigne ag muintir Iaimnía na Giúdaigh a bhí ag cur fúthu
ina measc a dhíothú sa tslí chéanna, [9]d’ionsaigh sé muintir Iaimnía san oíche agus chuir
an cuan agus an cabhlach trí thine, i dtreo go raibh lonradh na lasracha le feiceáil in
Iarúsailéim, [tríocha míle] ó bhaile.

Feachtas Ghileád agus Cath Charnaím

[10]Nuair a bhíodar imithe [breis agus míle] ón áit sin, ar a mbealach in aghaidh Thiomóid, rinne breis agus cúig mhíle Arabach is cúig céad marcach leo, ionsaí orthu. [11]Troideadh go dásachtach agus bhí an bua ag Iúdás agus a chuid fear le cabhair Dé; nuair a bhí buaite ar na fánaithe, d'impigh siad ar Iúdás deaslamh an chairdis a shíneadh chucu á gheallúint go dtabharfaidís eallach agus gach sórt eile cabhrach [dá mhuintir]. [12]Tuigeadh do Iúdás go mbeidís áisiúil dáiríre ar a lán slite, agus bheartaigh sé síocháin a dhéanamh leo; mhalartaigh siad gill le chéile agus d'imigh siadsan chun a mbothanna.

[13]D'ionsaigh sé cathair áirithe freisin a bhí daingnithe le claíocha agus le ballaí, agus gach sórt gintlithe ina gcónaí inti; sé ainm a bhí uirthi ná Caispin. [14]An mhuintir a bhí laistigh, bhí muinín acu as neart na mballaí agus as a soláthairtí; bhíodar á n-iompar féin go sotalach i leith Iúdáis agus a chuid fear, ag fonóid fúthu, agus ag caitheamh diamhaslaí agus eascainí leo. [15]Ach ghlaoigh Iúdás agus a chuid fear ar Rí mór na cruinne, an té sin a threascair Ireachó le linn Iósua, gan reithe ná inneall cogaidh, agus thug siad ruathar fíochmhar faoi na ballaí. [16]Ghabh siad an chathair de dheonú Dé agus chuir líon gan áireamh chun báis i dtreo gur thaibhsigh an loch láimh leo a bheith ag cur thar maoil le fuil cé go raibh sé dhá staid ar leithead.

[17]Nuair a bhíodar [nócha cúig mhíle] ar aghaidh ón áit sin tháinig siad go Charax, go dtí na Giúdaigh ar a dtugtar Túibiánaigh. [18]Ní bhfuair siad Tiomóid sa dúiche sin, mar faoin am sin bhí sé imithe leis ón dúiche gan aon ní a chur i gcrích ann, ach gur fhág sé garastún an-láidir in aon áit amháin. [19]Dosataes agus Sosapataer, captaein faoin

Macabaech, ghluais siad amach agus scrios iad siúd a d'fhág Tiomóid sa daingean, breis agus deich míle fear. [20]Roinn an Macabaech a arm ina dhíormaí agus chuir sé fir i gceannas na ndíormaí agus bhrostaigh sa tóir ar Thiomóid; bhí céad agus a fiche míle troitheach aigesean agus dhá mhíle cúig céad marcach. [21]Nuair a chuala Tiomóid go raibh Iúdás ag druidim leis chuir sé uaidh na mná agus na leanaí agus an bagáiste go dtí áit ar a dtugtar Carnaím, mar bhí an láthair sin deacair le gabháil, agus deacair le dul chuici de bharr cúinge na mbealaí go léir. [22]Nuair a fuarthas radharc ar chéad díorma Iúdáis, tháinig eagla agus scéin ar an namhaid le taibhsiú an té úd a fheiceann gach ní, agus theith siad leo agus chuaigh scaipeadh na mionéan orthu i ngach treo, ionas gur minic a ghoin a gcuid fear féin a chéile, agus gur cuireadh rinn claimhte a chéile iontu. [23]Chuir Iúdás tóir orthu le flosc, agus d'imir faobhar claímh ar na peacaigh agus mharaigh suas le tríocha míle fear. [24]Ghabh Dosataes agus Sosapataer agus a gcuid fear Tiomóid féin. D'impigh sé orthu le barr gliocais é a ligean saor mar go raibh tuismitheoirí a bhformhór agus deartháireacha a lán acu, faoina láimh agus gur gearr an mhoill a bheadh orthu gan é. [25]Gheall sé go sollúnta go ndéanfadh sé iad a thabhairt ar ais slán folláin dóibh, agus dhaingnigh sé an gheallúint le mórán briathra; ansin scaoil siad leis ar mhaithe lena mbráithre a fhuascailt.

[26]Ansin ghluais Iúdás in aghaidh Charnaím agus theampall Atargaitis, agus bhásaigh fiche cúig mhíle fear.

Eafrón agus Sciotopoil

[27]Nuair a bhí an teitheadh curtha aige ar na naimhde sin, agus iad scriosta aige, mháirseáil sé in aghaidh Eafrón, cathair dhaingean mar a raibh Lisias agus slua mór de gach cine ag cur fúthu. Bhí curaidh óga chalma in eagar catha os comhair na mballaí agus rinneadar cosaint chróga; laistigh mar lámh ar gcúl bhí innill chogaidh agus diúracáin go leor. [28]Ach ghlaoigh na [Giúdaigh] ar an bhFlaith a bhriseann cumhacht a naimhde le barr nirt, agus ghabh siad seilbh ar an gcathair, agus mharaigh suas le cúig mhíle fichead dá raibh inti. [29]Ar aghaidh leo ón áit sin agus bhrostaigh siad go Sciotopoil atá seachtó cúig mhíle ó Iarúsailéim. [30]Ach nuair a dhearbhaigh na Giúdaigh a bhí ag cur fúthu ansiúd do Iúdás an dea-thoil a thaispeáin muintir Sciotopoil dóibh, agus a chineálta agus a bhí siad leo in am an mhí-áidh, [31]rug siad buíochas leo agus spreag iad a bheith chomh dea-chomharsanach céanna lena gcine as sin amach freisin. Ansin d'imigh siad leo suas go Iarúsailéim mar bhí féile na seachtainí lámh leo.

Bua ar Ghoirgias

[32]Tar éis féile na Cincíse, mar a thugtar uirthi, ghluais siad in aghaidh Ghoirgias, ceannasaí Idiúmáia. [33]Tháinig sé amach chun catha a chur orthu le trí mhíle troitheach agus ceithre chéad marcach. [34]Nuair a bhí an cath á chur thit beagán Giúdach. [35]Ach Dosataes áirithe, fear de chuid Bhacaenór, gaiscíoch fir a bhí ar muin capaill, fuair sé greim ar Ghoirgias, rug ar bhrat air, agus bhí á tharraingt leis le teann nirt d'fhonn an mac

mallachta a ghabháil ina bheatha; thug marcach de chuid na dTráiceach ruathar faoi, bhris a ghéag, agus d'éirigh le Goirgias éalú go Mairise.
[36]De bhrí go raibh Eisdris agus a chuid fear ag troid ar feadh i bhfad agus go raibh tuirse orthu, ghlaoigh Iúdás ar an Tiarna á impí air a thaispeáint gurbh é a gcomhghuaillí é agus a gceannaire sa chath. [37]Ansin chuir sé an gháir chatha agus iomainn suas in ard a ghutha i dteanga a shinsear, agus d'ionsaigh sé lucht leanúna Ghoirgias gan choinne agus chuir an teitheadh orthu.

Leorghníomh do na Mairbh

[38]Agus chruinnigh Iúdás a arm agus ar aghaidh leis go hAdulám, agus de bhrí go raibh an seachtú lá den tseachtain buailte leo, rinneadar go léir iad féin a íonghlanadh de réir an nóis agus choimeád siad an tsabóid ansiúd. [39]Lá arna mhárach, mar gur ghá sin faoin am seo, chuaigh Iúdás agus a chuid fear i mbun coirp na muintire a thit a bhreith leo agus a chur lena ngaolta i dtuamaí a sinsear. [40]Ansin fuair siad, faoi ionar gach mairbh, comharthaí naofa íola Iaimnía, rud a choisceann an dlí ar Ghiúdaigh a chaitheamh. Ansin ba léir do chách gurb é sin an fáth gur thit na fir úd. [41]Mhol siad go léir dá bhrí sin slite an Tiarna cheartbhreathaigh, an té a nochtann a mbíonn faoi cheilt. [42]Agus chrom siad ar urnaí, á impí go scriosfaí ar shiúl go hiomlán an peaca a rinneadh. Ghríosaigh Iúdás uasal an pobal le hiad féin a choinneáil saor ó pheaca, mar go bhfaca siad lena súile cinn cén toradh a bhí ar pheaca na muintire a thit. [43]Rinne sé bailiúchán chomh maith uathu ina nduine agus ina nduine, suim dhá mhíle drachma airgid, agus sheol é go Iarúsailéim le

soláthar a dhéanamh don íobairt pheaca. Ba mhaith agus b'uasal an mhaise dó sin, agus an t-aiséirí á chur sa mheá aige. [44]Mar mura mbeadh go raibh sé ag súil leis go n-éireodh an mhuintir a thit arís, ba dhíomhaoin agus ba bhaoth an rud é a bheith ag guí ar son na marbh. [45]Ach má bhí súil in airde aige don luach saothair éachtach atá i dtaisce dóibh siúd a ghabhann slí na fírinne san fhíréantacht, ba naofa agus ba fhíréanta mar smaoineamh é. Chuir sé an íobairt leorghnímh á hofráil do na mairbh dá bhrí sin d'fhonn go saorfaí iad óna bpeacaí.

Droch-chríoch ar Mheanalás

13 Sa bhliain céad daichead a naoi, tháinig scéala go Iúdás agus a chuid fear go raibh Aintíochas Eopatór ag teacht le harm mór in aghaidh Iúdáia, [2]agus Lisias a oide agus a phríomhaire ina theannta; bhí fórsa Gréagach de chéad agus a deich míle troitheach agus cúig mhíle trí chéad marcach, dhá eilifint ar fhichid, agus trí chéad carbad spealach ag gach duine díobh. [3]Ghabh Meanalás leo freisin agus bhí sé ag griogadh Aintíochas le barr fimínteachta mar gur mheas sé go ndaingneofaí ina oifig é, agus ní ar mhaithe lena thír féin. [4]Ach ghríosaigh Rí na Ríthe fearg Aintíochas in aghaidh an scraiste, agus nuair a chuir Lisias in iúl dó gurbh é siúd faoi deara an tranglam go léir, d'ordaigh sé é a bhreith go Bearoia agus é a chur chun báis mar is nós a dhéanamh san áit sin. [5]Óir tá túr san áit sin atá caoga banlámh ar airde agus é lán de luaithreach; agus tá ciumhais timpeall air agus fána ghéar uaidh ar gach taobh isteach i dtreo an luaithrigh. [6]An té a dhaorfaí i gcoir naomhthruaillithe nó a bheadh tromchiontach i gcoireanna

áirithe eile, [tugann siad in airde é], agus ropann siad go léir ar aghaidh chun a ídithe é.
[7]Tháinig sé de chor sa saol gur mar sin a fuair an ropaire Meanalás bás, gan fiú adhlacadh
sa chré. [8]Agus ní raibh ansin ach lomlán an chirt; mar is iomaí peaca a rinne sé in aghaidh
na haltóra ar naofa í a tine agus a luaithreach, ach fuair sé bás sa luaithreach.

Bua ag Móidín

[9]Bhí an rí ar a bhealach agus a chroí ag borradh le bearta barbartha agus é ar aigne
aige nithe i bhfad níos measa ná mar a bhí déanta ag a athair a nochtadh os comhair a súl
do na Giúdaigh. [10]Ach nuair a chuala Iúdás é sin, d'ordaigh sé don phobal glaoch ar an
Tiarna de lá agus d'oíche, teacht i gcabhair, anois nó riamh, ar an muintir a rabhthas ar tí
idir dhlí agus thír agus Theampall naofa, a bhaint díobh, [11]agus gan a ligean don mhuintir
nach raibh ach ag teacht chucu féin titim isteach i lámha na ngintlithe diamhaslaitheacha.
[12]Nuair a bhí rud déanta acu go léir le chéile air, agus gur chuir siad a n-achainí chun
Tiarna na trócaire, ag caoineadh, ag troscadh agus ag sléachtadh go talamh, gan
staonadh, ar feadh trí lá, ghríosaigh Iúdás iad agus d'ordaigh dóibh a bheith ullamh ar
láimh. [13]Chuaigh sé i gcomhairle leis na seanóirí ar leithligh agus ansin bheartaigh sé gan
feitheamh leis an rí a theacht isteach in Iúdáia agus seilbh a fháil ar an gcathair, ach
máirseáil amach agus an gnó go léir a shocrú le cabhair Dé. [14]D'fhág sé an toradh dá bhrí
sin faoi Chruthaitheoir na Cruinne, ghríosaigh a chuid fear chun troid go cróga go bás ar
son dlíthe, agus Teampaill agus tír dhúchais, agus maithe coitinne; agus ansin shuigh sé a
longfort láimh le Móidín. [15]Thug sé "bua Dé" mar fhocal faire dá chuid fear, agus thug sé

ionsaí san oíche ar bhoth an rí le fórsa tofa de na curaidh óga ba chalma; mharaigh sé suas le dhá mhíle fear sa champa, agus ghoin sé an eilifint ba cheannasaí agus a marcach. [16]Faoi dheireadh bhí an campa ina chíor thuathail le scéin agus clampar agus chúlaigh sé faoi bhua. [17]Tharla sin le breacadh an lae cheana féin mar bhí cabhair Dé á chumhdach.

Conradh Síochána

[18]Bhí blaiseadh faighte ag an rí anois de chrógacht na nGiúdach, agus dá bhrí sin bheartaigh sé a láithreacha a ionsaí go straitéiseach. [19]Ghluais sé in aghaidh Bhéit Zúr, dún daingean leis na Giúdaigh; tiomáineadh ar gcúl é; d'ionsaigh sé arís, ach buadh air. [20]Sheol Iúdás a raibh de dhíth orthu isteach go dtí an garastún. [21]Ach Rodocas, duine ó arm na nGiúdach, thug sé faisnéis rúnda do na naimhde; chuathas sa tóir air, gabhadh é agus cuireadh i gcarcair é. [22]Phléigh an rí coinníollacha síochána den dara huair le muintir Bhéit Zúr; rinne sé gill síochána a thairiscint agus a ghlacadh; chúlaigh sé, d'ionsaigh Iúdás agus a chuid fear ach briseadh air. [23]Fuair sé scéala ansin go ndearna Pilib, an té a fágadh i bhfeighil an rialtais in Aintíoch, ceannairc; baineadh creathadh as; ghlaoigh sé chuige ar na Giúdaigh, ghéill dá n-éilimh, mhionnaigh a gcearta go léir a aithint, rinne síocháin leo, d'ofráil íobairt, thug urraim don sanctóir agus tabhartais fhiala don áit naofa. [24]Ghlac sé chuige an Macabaech, d'fhág Héagamonaidéas mar ghobharnóir ó Ptolamais go dúiche na nGearárach, [25]agus d'imigh leis go Ptolamais. Bhí muintir Ptolamais míshásta faoin gconradh; bhí an oiread sin feirge orthu gur theastaigh uathu a

théarmaí a chealú. [26]Chuaigh Lisias ar an stáitse poiblí, rinne togha áitimh, shásaimh iad, ghnóthaigh a ndea-mhéin, agus d'imigh leis go hAintíoch.

Sin mar a bhí ag ionsaí an rí agus a chúlú.

Alcamas go Gníomhach

14 Trí bliana ina dhiaidh sin fuair Iúdás agus a chuid fear scéala go raibh Déimitrias mac Sheiliúcas tagtha i dtír i gcuan Thriopoil le harm láidir agus le cabhlach, [2]agus go raibh seilbh faighte aige ar an tír agus Aintíochas agus a oide, Lisias, marbh aige. [3]Alcamas áirithe, duine a bhí tráth ina ardsagart, ach a rinne é féin a thruailliú d'aonghnó le linn an éirí amach, tuigeadh dó nach raibh bealach sábhála fanta aige, ná teacht arís ar an altóir naofa; [4]chuaigh sé go dtí Déimitrias rí timpeall na bliana céad caoga a haon agus bhronn air coróin óir agus pailm mar aon le roinnt géaga ológ den sean-nós ón Teampall; cheap sé a shuaimhneas ansin an lá sin. [5]Ach fuair sé caoi chun a phlean buile a chur chun cinn nuair a thug Déimitrias cuireadh dó chun na comhairle, agus gur ceistíodh é faoi cad a bhí in aigne agus ar intinn ag na Giúdaigh. D'fhreagair sé: [6]"Na Giúdaigh ar a dtugtar na Hasadaeigh, arb é Iúdás Macabaech a gceannaire, tá cogadh á chothú agus ceannairc á hadhaint acu agus ní ligfidh siad don ríocht dul chun suaimhnis. [7]Sin é faoi deara dom teacht anseo anois agus mo ghlóir shinseartha scartha liom – an ardsagartacht atá i gceist agam –[8]ar dtús mar gur cás agam dáiríre gnóthaí an rí, agus sa dara háit, mar gur cás agam mo chomhshaoránaigh. Óir de bharr baois na muintire a luaigh mé, tá ár gcine go léir faoi shrathair na hainnise. [9]Meáigh na gnóthaí seo

go léir go mion, a rí, agus soláthraigh riar a gcáis dár dtír agus dár gcine atá i gcúngrach, mar is dual don chineáltas lena bpléann tú leis an saol mór. [10]Fad a mhairfidh Iúdás níl breith ag an stát ar a bheith faoi shíocháin.”

[11]Nuair a bhí deireadh na cainte sin ráite, níorbh fhada an mhoill ar an gcuid eile de chairde an rí a raibh fuath acu do Iúdás, Déimitrias a ghríosú níos mó fós ina aghaidh. [12]Thogh sé gan mhoill Niocánór, an té a bhí i gceannas na n-eilifintí, agus cheap é ina ghobharnóir ar Iúdáia agus sheol é [13]le horduithe Iúdás a mharú, a chuid fear a scaipeadh, agus Alcamas a insealbhú mar ardshagart ar an Sár-Theampall. [14]Na gintlithe ar fud Iúdáia a theith ó Iúdás chruinnigh siad ina scuainí chun Niocánór, á mheas gur chun a leasa féin a rachadh tubaistí agus ainnise na nGiúdach.

Cairdeas idir Niocánór agus Iúdás

[15]Nuair a chuala na Giúdaigh go raibh Niocánór ag teacht agus go raibh na gintlithe le hionsaí, chroitheadar luaith ar a gceann, agus ghuíodar chun an té sin a bhuanaigh a phobal féin go brách agus a chothaíonn a oidhreacht féin i gcónaí lena thaispeántas. [16]Fuair siad ordú óna gceannaire agus d’fhág siad an áit ina raibh siad gan mhoill, agus chuaigh i ngleic leis na namhaid i mbaile ar a dtugtar Deasau. [17]Bhí cath curtha ag Síomón deartháir Iúdáis roimhe sin ar Niocánór, ach de bhrí gur tháinig an namhaid [aniar aduaidh] air, baineadh siar as go fóill. [18]Bhí sé cloiste ag Niocánór a chróga agus a bhí Iúdás agus a chuid fear agus a mhisniúla agus a throididís i gcónaí ar son a dtíre dúchais, agus ní chuirfeadh sé réiteach an scéil i bhfiontar an chlaímh. [19]Sheol sé

Posadóinias, Teodótas agus Mataitias dá bhrí sin le gealltanais chairdis a thairiscint do na Giúdaigh agus a ghlacadh uathu. [20]Rinneadh na coinníollacha a mheá go mion agus d'fhógair an ceannaire dá shluaite iad; agus de bhrí gur léir go raibh siad uile ar aon aigne, d'aontaigh siad leis an gconradh. [21]Ceapadh lá ar a bhféadfadh na ceannairí teacht le chéile ar leithligh; tháinig carbad ar aghaidh ó gach arm agus cuireadh cathaoireacha in airde. [22]Chuir Iúdás fir armtha i láithreacha oiriúnacha d'fhonn aon fheall gan choinne a bheadh á dhéanamh ag an namhaid a chosc. Bhí agallamh acu agus cairdeas dá bharr. [23]D'fhan Niocánór in Iarúsailéim, gan aon ní as an tslí a dhéanamh, agus scaoil sé chun siúil fiú na sluaite a chruinnigh ina scuainí chuige. [24]Choinnigh sé Iúdás i gcónaí lena ais agus bhí an-chion aige air. [25]D'áitigh sé air pósadh agus clann a bheith aige; phós seisean, chuir faoi, agus chaith gnáthshaol.

Naimhdeas Arís

[26]Nuair a thug Alcamas faoi deara a chairdiúla a bhí an bheirt, d'imigh sé go Déimitrias le cóip den chonradh a bhí déanta, agus dúirt leis go raibh Niocánór mídhílis don rialtas mar go raibh an cealgaire úd in aghaidh na ríochta, Iúdás, ceaptha aige mar chomharba [air féin]. [27]Tháinig fearg ar an rí agus de bhrí gur ghriog tromaíocht bhréige an scraiste úd é, scríobh sé go Niocánór a rá go raibh sé míshásta leis an gconradh agus á ordú dó an Macabaech a sheoladh i ngeimhle go hAintíoch gan mhoill. [28]Nuair a fuair Niocánór an teachtaireacht sin tháinig buaireamh air agus bhí sé an-mhíshásta an conradh a bhriseadh agus gan aon éagóir déanta ag an bhfear. [29]Ós rud é nárbh fhéidir cur i

gcoinne an rí, bhí sé ag faire na faille an gnó úd a dhéanamh le gliceas. [30]Ach thug an Macabaech faoi deara go raibh Niocánór níba ghéire ina iompar leis, agus go raibh sé giorraisc ag plé leis thar mar a bhíodh, agus tuigeadh dó nach aon ní fónta a bhí ar chúl na géire seo. Chruinnigh sé chuige roinnt mhaith dá chuid fear dá bhrí sin agus chuaigh ar a choimeád ó Niocánór.

[31]Nuair a thuig seisean go raibh an fear eile tar éis bob a bhualadh air go cliste, chuaigh sé go dtí an Sár-Theampall naofa le linn do na sagairt a bheith ag ofráil na n-íobairtí agus d'ordaigh dóibh [Iúdás] a thabhairt suas dóibh. [32]Nuair a mhionnaíodar nach raibh a fhios acu cá raibh an té a bhí á lorg aige, [33]shín sé amach a lámh i dtreo an tsanctóra, agus mhionnaigh mar leanas: "Mura dtugann sibh Iúdás suas mar chime dom, déanfaidh mé tearmann seo Dé a scartáil ó bhonn agus leagfaidh mé an altóir agus déanfaidh mé teampall taibhseach a thógáil do Dhíonaíosas san áit seo."

[34]Nuair a bhí an méid sin ráite aige d'imigh sé leis. Shín an pobal a lámha i dtreo na bhflaitheas ansin, agus ghlaoigh ar chosantóir buan ár gcine á rá: [35]"A Thiarna na n-uile, nach bhfuil aon ní de dhíth ort, ba thoil leat go mbeadh teampall le háitreabh agat inár measc. [36]Anois, más ea, a Aon Naofa, a Thiarna na naofachta go léir, coinnigh an teach seo a naomhaíodh chomh gairid ó shin gan truailliú go deo."

Bás Razais

[37]Rinneadh Razais áirithe, seanóir de chuid Iarúsailéim a ghearán le Niocánór mar dhuine a raibh grá mór aige dá chomhshaoránaigh, a bhí faoi dhea-cháil agus a fuair an

teideal Athair na nGiúdach de bharr a chineáltais. [38]Tráth dá raibh, nuair nach raibh aon chaidreamh leis na gintlithe, cuireadh Giúdachas ina leith, agus chuir sé corp agus anam i bhfiontar ar son an Ghiúdachais. [39]D'fhonn an fuath a bhí aige do na Giúdaigh a léiriú, chuir Niocánór breis agus cúig céad saighdiúir lena ghabháil; [40]mar shíl sé dá ngabhfaí eisean go ndéanfadh sé díobháil dóibhsean. [41]Nuair a bhí na trúpaí ar tí an túr a ghabháil agus go raibh doras na cúirte á bhrú isteach acu, agus iad ag éileamh tine a thabhairt agus na comhlaí a chur trí thine, bhí Razais teanntaithe agus chaith sé é féin ar bhéal a chlaímh; [42]b'fhearr leis bás a fháil le honóir ná titim i lámha peacach agus maslaí a fhulaingt nár dhual dá dhúchas uasal. [43]Le cruas an chomhraic, níor aimsigh sé go cruinn, agus bhí an slua faoin am seo ag brúchtaíl an doras isteach. Rith sé in airde ar an mballa go cróga agus chaith é féin anuas le barr misnigh i measc an tslua. [44]Ach dhruid siadsan i leataobh go tapa, fágadh spás agus thit sé i lár an spáis fholaimh sin. [45]Bhí an dé fós ann agus é ar buile le fearg: d'éirigh sé ina sheasamh, agus cé go raibh an fhuil leis ina tulcaí agus é tromleonta, rith sé tríd an slua agus sheas ar splinc carraige; [46]ní raibh deoir fola fágtha ann anois; srac sé a ionathar as a chliabhrach, rug ina dhá láimh orthu agus chaith i measc na dtrúpaí iad agus é ag glaoch ar Thiarna na beatha agus an anama iadsan a thabhairt ar ais arís dó. B'shin mar a fuair sé bás.

Diamhasla Niocánór

15 Chuala Niocánór go raibh Iúdás agus a chuid fear i gcomharsanacht na Samáire agus bheartaigh sé fogha a thabhairt fúthu lá na sabóide nuair nárbh aon bhaol dó

féin. [2]Na Giúdaigh ar cuireadh d'iallach orthu é a leanúint, dúirt siad: "Ná scrios iad chomh danartha ná chomh barbartha sin, ach bíodh meas agat ar an lá ar thug an té a fheiceann gach ní ómós dó agus a naomhaigh sé thar gach lá." [3]Ansin d'fhiafraigh coirpeach na dtrí mallachtaí an raibh rí ar neamh a d'ordaigh lá na sabóide a choimeád. [4]Nuair a d'fhógair siad: "Is é an Tiarna beo féin, an Flaith ar neamh, a d'ordaigh dúinn an seachtú lá a choimeád," [5]d'fhreagair sé: "Agus is mise, mar fhlaith ar talamh, a ordaíonn daoibh airm a ghlacadh agus gnó an rí a chur i gcrích." Ach mar sin féin níor éirigh leis a bheartas gráiniúil a chur i bhfeidhm.

Tugann Iúdás Misneach dá Shluaite

[6]Le barr uabhair agus sotail, bhí sé beartaithe ag Niocánór carn poiblí bua a thógáil leis an gcreach a ghabhfaí ó Iúdás agus óna chuid fear. [7]Ach níor bhog an Macabaech ach é lán de mhuinín agus de dhóchas go dtiocfadh cabhair chuige ón Tiarna. [8]Thug sé misneach dá chuid fear gan eagla a bheith orthu roimh ionsaithe na ngintlithe, ach cuimhneamh ar an gcabhair a tháinig chucu ó neamh san am a bhí thart, agus a bheith ag súil an uair sin leis an mbua a thabharfadh an tUilechumhachtach dóibh. [9]Thug sé ardú meanman dóibh le cabhair an dlí agus na bhfáithe, chuir sé i gcuimhne dóibh na cathanna a bhuaigh siad, agus d'adhain díograis bhreise ina gcroí. [10]Nuair a bhí a misneach múscailte aige, thug sé a chuid orduithe, agus feall na ngintlithe agus a mídhílseacht dá mionna á gcur ar a súile dóibh. [11]Ní hí an tsábháilteacht a ghabhann le sciatha agus sleánna a thug sé mar arm do gach duine díobh, ach an misneach a ghineann briathra

uaisle. Agus mhúscail sé meanma gach duine le brionglóid – nó faoi mar a bheadh fís – ar a raibh craiceann na fírinne, a aithris. [12]Ba é radharc a chonaic sé: Oinias, ardsagart a bhí, fear uasal cóir, fear mánla iompar agus cneasta meon; fear soilbhir dea-labhartha a raibh oiliúint air óna óige i ngach suáilce – bhí Oinias ansiúd ag guí ar son an chine Ghiúdaigh go léir agus a lámha ar leathadh aige. [13]Ansin thaibhsigh fear eile, ábhar suntais lena cheann liath agus a iompar uasal; bhí dínit agus údarás iontach ag roinnt leis. [14]Chrom Oinias ar labhairt: “Seo fear,” ar sé, “a bhfuil cion aige ar a bhráithre, agus a ghuíonn go fada ar son an phobail, agus na cathrach naofa, Irimia, fáidh Dé.” [15]Shín Irimia a lámh dheas agus thug claíomh óir do Iúdás, agus nuair a bhí sé á thabhairt dó labhair sé mar leanas leis: [16]“Tóg an claíomh naofa seo, bronntanas ó Dhia; déanfaidh tú do naimhde a threascairt leis.”

Na Céilí Comhraic

[17]Ba uasal iad briathra Iúdáis agus ba mhaith an sás iad chun crógacht agus gaisce a mhúscailt i gcroí na n-óg; le teann misnigh dá mbarr, bheartaigh siad gan feachtas a fhearadh ach ionsaí fearúil a dhéanamh, agus an scéal a réiteach le comhrac agus gleic go sárchróga mar go raibh cathair, sanctóir agus Teampall i mbaol. [18]Ba é an Teampall coisricthe an chéad ábhar imní, agus an t-ábhar ba mhó imní, a bhí acu; ba lú mairg leo a mná agus a leanaí, a mbráithre agus a ngaolta. [19]An mhuintir a fágadh sa chathair, níor lú í an imní a bhí orthu mar go raibh siad buartha faoin gcath a bhí le cur faoin mínleach.

[20]Bhí gach duine ar bís ag feitheamh le toradh an chatha. Bhí an namhaid cheana féin i gcóngar agus iad in eagar catha, na heilifintí cóirithe go háisiúil, agus an marcshlua in eagar ar na sciatháin. [21]Nuair a chonaic an Macabaech a raibh de shluaite ar a aghaidh amach, an soláthar mór taibhseach arm, agus fíochmhaire na [n-eilifintí], shín sé a lámha chun neimhe agus ghlaoigh ar Thiarna na bhFeart; bhí a fhios aige nach le neart arm, ach mar is toil leis, a bhronnann sé bua catha ar an muintir a thuilleann é. [22]Mar seo a ghabh an urnaí a rinne sé chuige: “A Thiarna, sheol tú d’aingeal le linn Hiziciá, rí Iúdá, agus mharaigh seisean céad ochtó a cúig míle nó breis i gcampa Shanaichéiríb. [23]A rí na bhflaitheas, seol anois, arís eile, aingeal maith le scéin agus scanradh a scaipeadh romhainn. [24]Go dtreascraítear ar lár le neart do ghéige an mhuintir seo a tháinig chun do phobal naofa a ionsaí agus diamhasla ina mbéal acu.” Dhún a urnaí leis na focail sin.

Bua Catha – Bás Niocánór

[25]Ghluais Niocánór agus a chuid fear ar aghaidh agus stoic á séideadh agus laoithe á gcanadh; [26]agus chuaigh Iúdás agus a chuid fear i ngleic leo ag urnaí agus ag guí chun Dé. [27]Ag troid lena lámha dóibh agus ag guí chun Dé lena gcroí, threascair siad breis agus tríocha a cúig mhíle duine, agus chuir Dia lúcháir mhór orthu leis an taispeántas sin. [28]Nuair a bhí an cath thart agus iad ag filleadh faoi áthas, d’aithin siad Niocánór ar lár marbh ina lánéide chatha. [29]Ansin bhí geoin agus glisiam agus mhol siad an Tiarna ina dteanga dhúchais. [30]An té a chaith é féin go hiomlán, idir anam agus chorp, ag cosaint a mhuintire féin, agus a choinnigh slán an cion a bhí aige óna óige ar a chine féin, d’ordaigh

sé dóibh ceann Niocánór a theascadh de, mar aon lena láimh agus lena ghualainn, agus iad a bhreith go Iarúsailéim. [31]Nuair a shroich sé an áit sin, ghlaoigh sé le chéile ar a mhuintir, chuir na sagairt ina seasamh os comhair na haltóra, agus chuir fios ar lucht an Dúnfoirt. [32]Thaispeáin sé ceann Niocánór na táire dóibh, agus lámh an diasmhaslaitheora úd a síneadh go huallach in aghaidh theach naofa an Uilechumhachtaigh. [33]Ansin ghearr sé amach teanga Niocánór na héagráifeachta agus dúirt go gcaithfeadh sé í smut ar smut chun na n-éan, agus go gcrochfaí luach saothair a dhíth céille os comhair an Teampaill. [34]Ansin, ag féachaint chun na bhflaitheas dóibh, bheannaigh siad uile an Tiarna, a thaispeáin é féin, á rá: “Moladh leis an té sin a choinnigh a áit féin gan truailliú.” [35]Chroch sé ceann Niocánór ón Dúnfort, mar a raibh sé ina chomhartha soiléir suntasach ag cách ar chabhair an Tiarna. [36]Rith siad go léir reacht d’aonghuth le vóta poiblí nach ligfí an lá sin thart gan ceiliúradh go deo, ach an tríú lá déag den dara mí déag – ar a dtugtar Adár sa tSíris – a chomóradh an lá roimh lá Mhordacaí.

Dúnadh

[37]Mar sin a bhí cúrsaí ag Niocánór, agus ón tráth úd tá an chathair i lámha na nEabhrach. Scoirfidh mise de mo scéal anseo. [38]Má tá sé inste go slachtmhar tomhaiste, níl ansin ach mar a chuir mé romham; mura bhfuil sé ach leathchuíosach gan slacht, sin a raibh ar mo chumas. [39]Faoi mar atá sé díobhálach fíon a ól leis féin, nó arís uisce a ól leis féin, ach gur milis dea-bhlasta é an fíon measctha le huisce, agus go méadaíonn sé sásamh an duine ann, ar an gcuma chéanna is í stíl na hinste a thugann taitneamh do chluasa lucht léite saothair. Ní beag sin.